TUAIRIM AN ABHCÓIDE GHINEARÁLTA
ĆAPETA
arna tabhairt an 14 Meán Fómhair 2023[1]

Cás C-115/22

SO
páirtithe uamtha:
Nationale Anti-Doping Agentur Austria GmbH (NADA),
Österreichischer Leichtathletikverband (ÖLV),
an Ghníomhaireacht Dhomhanda Frithdhópála (WADA)

(Iarraidh ar réamhrialú ón Unabhängige Schiedskommission (an Coimisiún Neamhspleách um Eadráin, an Ostair))

(Tarchur chun réamhrialú – Airteagal 267 CFAE – Sainmhíniú ar "chúirt nó binse" – Tarchur ó bhinse náisiúnta frithdhópála – Cosaint sonraí pearsanta – Rialachán (AE) 2016/679 – Airteagal 5 – Airteagal 6 – Dlíthiúlacht agus riachtanas sonraí pearsanta duine a bhfuil rialacha frithdhópála sáraithe aige nó aici a fhoilsiú ar líne – Airteagal 9 – An ionann sáruithe ar rialacha frithdhópála agus "sonraí a bhaineann leis an tsláinte" – Airteagal 10 – An ionann sáruithe ar rialacha frithdhópála agus "sonraí pearsanta a bhaineann le ciontuithe coiriúla" – An ionann binse náisiúnta agus "údarás oifigiúil")

I. Réamhrá

1. *Citius*, *Altius*, *Fortius*; níos tapúla, níos airde, níos láidre. Is beag mana a chuireann an fonn daonna le dul ó neart go neart a chur in iúl cosúil leis an mana Oilimpeacha. Mar sin féin, d'fhéadfadh an brú atá ann le bua a bhaint amach daoine a chur i gcathú le cur leis an bhfeidhmiú trí úsáid a bhaint as substaintí toirmiscthe áirithe.

2. Baineann an cás seo le comhthéacs den sórt sin. Is lúthchleasaí gairmiúil Ostarach í an t-iarratasóir. Ciontaíodh í as Rialacha frithdhópála na hOstaire a shárú. Mar thoradh air sin, d'fhoilsigh údarás náisiúnta frithdhópála na hOstaire a hainm, sonraí an tsáraithe lena mbaineann agus tréimhse na fionraíochta ar a shuíomh gréasáin a bhfuil rochtain ag an bpobal air.

[1] Bunteanga: an Béarla.

3. An bhfuil an cleachtas sin ag luí leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí ("RGCS")?[2] Is í sin, go hachomair, an phríomhcheist shubstainteach a ardaíodh os comhair na Cúirte Breithiúnais. Mar sin féin, ós rud é gur ó chomhlacht nach cúirt "chlasaiceach" é laistigh d'eagraíocht na mbreithiúna san Ostair a tharchuir na ceisteanna, ardaítear ceist na hinghlacthachta leis an gcás seo chomh maith.

II. An díospóid sna príomhimeachtaí agus na ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

4. Cé gur gné de chomórtas daonna é úsáid spreagthaigh chun feidhmíocht fhisiciúil a fheabhsú ó thús na staire taifeadta[3], ní théann an córas rialaithe frithdhópála mar is eol dúinn é inniu siar go dtí 1999 nuair a cruthaíodh an Ghníomhaireacht Dhomhanda Frithdhópála ("WADA") agus nuair a tháinig Cód Frithdhópála an Domhain ("WADC") i bhfeidhm in 2004.[4] Tháinig an leagan is déanaí den chód sin i bhfeidhm in 2021.

5. Cé gur ionstraim phríobháideach dlí é WADC, áirithítear a éifeachtacht faoin gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta i gcoinne na Dópála sa Spórt 2005 na Náisiún Aontaithe.[5] Tá an choinbhinsiúin sin sínithe ag na Ballstáit go léir. Sonraítear in Airteagal 4 de *nach* cuid dhílis den Choinbhinsiún iad forálacha WADC agus *nach* bhfuil éifeacht dhíreach acu sa dlí náisiúnta. Mar sin féin, leis an bhforáil chéanna, tá gealltanas tugtha ag na Stáit is páirtithe cloí le prionsabail WADC. Cuirtear an gealltanas sin i bhfeidhm i gcórais dlí na mBallstát ar bhealaí éagsúla, gealltanas lena n-áirítear ceanglas WADC maidir le sáruithe ar rialacha frithdhópála a fhoilsiú ar líne.[6]

6. Is ón Ostair a eascraíonn an cás seo, áit ina rialaítear rialuithe frithdhópála ag an Anti-Doping-Bundesgesetz 2021 (2021 Dlí Cónaidhme na hOstaire ar fhrithdhópáil) ("ADBG").

7. Idir na blianta 1998 agus 2015, ba lúthchleasaí gairmiúil san Ostair í SO ("an t-iarratasóir"). Bhí an t-iarratasóir ina hionadaí dá tír ag comórtais idirnáisiúnta mar bhall d'Fhoireann Cónaidhm Lúthchleasaíocht na hOstaire. Chomh maith leis sin bhí feidhmeanna bainistíochta agus ionadaíocha aici i gclubanna spóirt éagsúla san Ostair.

8. Ar bhonn torthaí imscrúdaithe a rinne Bundeskriminalamt (Oifig na bPóilíní Coiriúla Cónaidhme, an Ostair), in 2021, chuir Unabhängige Dopingkontrolleinrichtung (an Ghníomhaireacht Frithdhópála Neamhspleách, an Ostair) ("NADA") iarraidh ar imscrúdú faoi bhráid Österreichische Anti-Doping-Rechtskommission (Coiste Dlí Frithdhópála na hOstaire) ("ÖAD").

2 Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO 2016 L 119, lch. 1).

3 Müller, R.K., "History of Doping and Doping Control", Thieme, D., agus Hemmersbach, P. (eagarthoirí), *Doping in Sports*, Imleabhar 195, Springer, 2010, lch. 2 (ina mínítear go bhfuil an úsáid a bhaintear as leigheasanna agus substaintí chun feabhas a chur ar fheidhmíocht lúthchleasa chomh fada siar le deireadh an tríú haois RC).

4 Féach van der Sloot, B., Paun, M. agus Leenes, R., *Athletes' Human Rights and the Fight Against Doping: A Study of the European Legal Framework*, Springer, 2020, lch. 14.

5 "International Convention against Doping in Sport" Eagraíocht Oideachais, Eolaíochta agus Chultúir na Náisiún Aontaithe, Páras, 2005.

6 De réir staidéar a rinneadh don Choimisiún Eorpach in 2017, tá an WADC ceangailteach ó thaobh dlí de i roinnt Ballstát, ach níl sé ceangailteach ó thaobh dlí de i mBallstáit eile. Féach, an Coimisiún, Ard-Stiúrthóireacht um Oideachas, an Óige, Spórt agus Cultúr, McNally, P., Paun, M., Sloot, B., et al., "Anti-doping & data protection: an evaluation of the anti-doping laws and practices in the EU Member States in light of the General Data Protection Regulation", Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg, 2017, https://data.europa.eu/doi/10.2766/042641, lch. 77.

9. Le Cinneadh an 31 Bealtaine 2021 ("an cinneadh atá faoi chonspóid"), fuair ÖADR an t-iarratasóir ciontach as Riail 32.2(b) agus (f) de Rialacha Iomaíochta 2015 de chuid Chumann Idirnáisiúnta na gCónaidhmeanna Lúthchleasaíochta (IAAF) agus Airteagail 2.2 agus 2.6 de Rialacha Frithdhópála IAAF 2017 a shárú. Toirmisctear leis na rialacha sin "úsáid substaint toirmiscthe nó modha thoirmiscthe nó féachaint lena húsáid" [Aistriúchán neamhoifigiúil] agus "substaint toirmiscthe nó modha thoirmiscthe a shealbhú" [Aistriúchán neamhoifigiúil].[7] Go sonrach, chinn ÖADR, idir Bealtaine 2015 agus Aibreán 2017, go raibh seilbh ag an iarratasóir ar na substaintí Eiritreapóéisin (ar a dtugtar EPO), Genotropin nó Omnitrope agus Testosterol (i bhfoirm Androgel) agus go raibh úsáid bainte aici as na substaintí sin i bpáirt ar a laghad in 2015. Liostaíodh na substaintí sin go léir ar Liostaí Toirmiscthe WADA ó 2015 go 2017. Dá bhrí sin, cuireadh cosc ar lúthchleasaithe gairmiúla a bhí ag feidhmiú faoi réir Rialacha Iomaíochta IAAF úsáid a bhaint astu.

10. Mar thoradh ar an rialáil sin, sa chinneadh atá faoi chonspóid, dhearbhaigh ÖADR go raibh na torthaí go léir a bhain an t-iarratasóir amach le linn na tréimhse idir an 10 Bealtaine 2015 agus an dáta a tháinig a chinneadh i bhfeidhm neamhbhailí agus tharraing sé aon íocaíochtaí iontrála agus/nó duaiseanna airgid siar. Chuir sé cosc freisin ar an iarratasóir as páirt a ghlacadh i gcomórtais spóirt d'aon chineál ar feadh tréimhse ceithre bliana dar tús an 31 Bealtaine 2021.

11. Le linn an nós imeachta os comhair ÖADR, d'iarr an t-iarratasóir nach ndéanfaí an cinneadh atá faoi chonspóid a nochtadh don phobal i gcoitinne trí bhíthin foilseachán ar líne a mbeadh rochtain ag an bpobal air. Dhiúltaigh ÖADR don iarratas sin sa chinneadh atá faoi chonspóid.

12. Chuir an t-iarratasóir iarraidh ar athbhreithniú ar an gcinneadh atá faoi chonspóid faoi bhráid Unabhängige Schiedskommission (an Coimisiún Neamhspleách um Eadráin, an Ostair) ("USK").

13. Le cinneadh an 21 Nollaig 2021, sheas USK le torthaí substainteacha ÖADR agus dheimhnigh sé sáruithe an iarratasóra ar na rialacha frithdhópála agus an smachtbhanna a forchuireadh uirthi.

14. Ag an am céanna, d'fhorchoimeád USK a chinneadh maidir le hiarraidh an iarratasóra go staonfar ón gcinneadh atá faoi chonspóid a fhoilsiú don phobal i gcoitinne.[8]

15. Tá an oibleagáid go ndéanfar an méid sin a fhoilsiú bunaithe ar §§ 21(3) agus 23(14) de ADBG. Sonraítear sna forálacha sin nach mór do ÖADR agus do USK faoi seach "[Eagraíocht Chónaidhme Spóirt na hOstaire], eagraíochtaí spóirt, lúthchleasaithe, daoine eile, eagraithe comórtais agus an pobal i gcoitinne a chur ar an eolas faoina chinntí", agus ainm an duine lena mbaineann, fad an choisc agus na cúiseanna leis a lua, gan é a bheith indéanta aon sonraí a bhaineann le sláinte an duine lena mbaineann a chur in iúl.

16. Tá foilsiú na faisnéise seo éigeantach i gcás lúthchleasaithe gairmiúla agus, i gcásanna áirithe, i gcás lúthchleasaithe atá ag tabhairt faoin spórt mar chaitheamh aimsire freisin. I gcásanna eile, nuair a rinne lúthchleasaithe atá ag tabhairt faoin spórt mar chaitheamh aimsire, mionaoisigh nó daoine leochaileacha an sárú, níl an foilsiú éigeantach.

[7] Le Rialacha Iomaíochta IAAF 2015 agus le Rialacha Frithdhópála IAAF 2017 sainmhínítear "úsáid" mar "shubstaint thoirmiscthe nó modh toirmiscthe a úsáid, a chur ar rud, a ionghabháil, a instealladh nó a thógáil isteach trí bhealach ar bith" [Aistriúchán neamhoifigiúil].

[8] Tá dhá chinneadh ann dar dáta an 21 Nollaig 2021 ó USK. Leis an gcéad chinneadh seastar le torthaí substainteacha ÖADR agus cuirtear an nós imeachta ar fionraí maidir leis an gcuid a bhaineann le gan ainm an iarratasóra, a pionóis agus a sárú ar riail frithdhópála a fhoilsiú; leis an dara cinneadh déantar an iarraidh ar réamhrialú sa chás seo.

17. Cé go mbaineann an oibleagáid an pobal a chur ar an eolas le comhlachtaí cinnteoireachta, is é sin le rá ÖADR agus USK, foráiltear le ADBG go ndéanann NADA an tasc seo thar ceann ÖADR agus USK.[9] D'fhonn an oibleagáid sin a chomhlíonadh, foilsíonn NADA tábla atá ar fáil go hoscailte don phobal i gcoitinne ar a shuíomh gréasáin.[10] Tá san iontráil ábhartha den tábla sin céadainm agus sloinne an duine lena mbaineann; an cineál spóirt a raibh sé nó sí ag tabhairt faoi; an cineál sáraithe rialacha; an cineál fionraí arna fhorchur air nó uirthi; agus dátaí tosaigh agus deiridh na fionraí.

18. Tuigtear dom go bhfanann an fhaisnéis sin ar fáil ar shuíomh gréasáin NADA d'fhad thréimhse fionraí an lúthchleasaí lena mbaineann amháin.

19. Tá amhras ar USK faoi chomhoiriúnacht, le RGCS, an chleachtais maidir le sonraí pearsanta an iarratasóra a nochtadh don phobal i gcoitinne trí fhoilseachán ar líne a bhfuil rochtain oscailte ag an bpobail air ar shuíomh gréasáin NADA. D'fhonn a bheith in ann cinneadh a dhéanamh maidir le hiarraidh an iarratasóra gan a cuid sonraí pearsanta a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin a bhfuil rochtain oscailte ag an bpobail air, chinn sé, dá bhrí sin, bac a chur ar imeachtaí agus na ceisteanna seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú:

"(1) An ionann faisnéis go bhfuil sárú dópála sonrach déanta ag duine sonrach agus, mar thoradh ar an sárú sin, go dtoirmisctear don duine sin páirt a ghlacadh i gcomórtais (náisiúnta agus idirnáisiúnta) agus sonraí "a bhaineann leis an tsláinte" de réir bhrí Airteagal 9 de [RGCS]?

(2) An gcuireann [RGCS] – go háirithe i bhfianaise an dara fomhír d'Airteagal 6(3) den Rialachán sin – bac ar fhoráil náisiúnta lena bhforáiltear do nochtadh ainm daoine lena mbaineann an cinneadh de chuid [USK], do thréimhse an toirmisc agus na cúiseanna ina leith, gan a bheith in ann sonraí sláinte an duine lena mbaineann a thabhairt le fios? An bhfuil sé ábhartha nach féidir gan iad a nochtadh don phobal i gcoitinne ach amháin más lúthchleasaí atá ag tabhairt faoin spórt mar chaitheamh aimsire, lúthchleasaí mionaoiseach nó duine a chuir go mór le haithint sáruithe dópála a d'fhéadfadh a bheith ann trí fhaisnéis nó táscairí eile a chur in iúl, an duine lena mbaineann?

(3) An gceanglaítear [le RGCS] – go háirithe i bhfianaise na bprionsabal in Airteagal 5(1)(a) agus (c) – roimh an nochtadh, in aon chás, go ndéanfar leasanna an duine lena mbaineann a ndéanfaidh an nochtadh difear dó a mheas, ar thaobh amháin, agus an leas poiblí san fhaisnéis maidir leis an sárú frithdhópála a rinne an lúthchleasaí, ar an taobh eile?

(4) An ionann faisnéis go ndearna duine sonrach sárú dópála sonrach agus, mar thoradh air sin, go bhfuil toirmeasc ar an duine sin páirt a ghlacadh i gcomórtais (náisiúnta agus idirnáisiúnta) agus sonraí pearsanta a bhaineann le ciontuithe coiriúla agus coireanna de réir bhrí Airteagal 10 [de RGCS] a phróiseáil?

(5) Más freagra dearfach a thabharfar ar Cheist 4: An ionann [USK] arna bhunú faoi § 8 de [ADBG] 2021 agus údarás oifigiúil de réir bhrí Airteagal 10 [de RGCS]?

9 Féach § 5(6)(4) de ADBG.

10 Tugann an t-iarratasóir faoi deara go bhfuil an tábla sin ar fáil ag https://www.nada.at/de/recht/suspendierungen-sperren.

20. Tá barúlacha i scríbhinn taiscthe ag an iarratasóir, ag NADA, ag WADA, ag Rialtas na Beilge, ag Rialtas na Fraince, ag Rialtas na Laitvia, ag Rialtas Lucsamburg agus ag Rialtas na Polainne chomh maith leis an gCoimisiún Eorpach. Cé is moite de Rialtas na Beilge, de Rialtas na Fraince, de Rialtas Lucsamburg agus de Rialtas Polainne, chuir na páirtithe sin argóint ó bhéal i láthair ag an éisteacht a bhí ar siúl an 2 Bealtaine 2023.

III. Inghlacthacht

21. Is é príomhfheidhm atá ag an nós imeachta um réamhrialú ná go gcuirfear dlí an Aontais i bhfeidhm go haonfhoirmeach i ngach Ballstát. Mar sin féin, cé go gceanglaítear ar chomhlachtaí náisiúnta éagsúla (comhlachtaí riaracháin, comhlachtaí rialála nó cineálacha eile comhlachtaí) dlí an Aontais a chur i bhfeidhm agus go bhféadfadh na comhlachtaí sin a bheith neamhchinnte dá bhrí, ní cheadaítear le hAirteagal 267 CFAE ach do "chúirteanna nó binsí" léiriú ar dhlí an Aontais a lorg ón gCúirt Bhreithiúnais. I bprionsabal, nuair a fhaightear iarraidh ar réamhrialú ó chúirt náisiúnta a mheastar a bheith mar chuid de bhrainse breithiúnach an rialtais sa Bhallstát lena mbaineann, measfaidh an Chúirt Bhreithiúnais go bhfuil an iarraidh sin inghlactha. Nuair a fhaightear iarraidh den sórt sin ó chomhlacht nach bhfuil mar chuid de chóras na mbreithiúna de réir bhrí chlasaiceach an fhocail faoi Airteagal 267 CFAE áfach, ní dhéanfaidh an Chúirt Bhreithiúnais an iarraidh sin a dhiúltiú go huathoibríoch. Ina ionad sin, seiceálfaidh sí an bhféadfaí an comhlacht a dhéanann an iarraidh ar réamhrialú a mheas mar "chúirt nó binse" de réir bhrí na forála sin.

22. Tá iarraidh ar réamhrialú tarchurtha ag USK chuig an gCúirt Bhreithiúnais sa chás seo. Ní comhlacht é a bhaineann *prima facie* le córas na mbreithiúna san Ostair. Dá bhrí sin, ina bharúlacha i scríbhinn chuig an gCúirt Bhreithiúnais, cheistigh an Coimisiún an gcomhlíonann USK na ceanglais ionas go gcaithfear leo mar "chúirt nó binse" de réir bhrí Airteagal 267 CFAE. Dá réir sin, ní mór don Chúirt Bhreithiúnais a réiteach sula rachaidh sí i ngleic le substaint an cháis seo cibé an féidir léi "caint" le USK ar chor ar bith.

23. Táim den tuairim gur "cúirt nó binse" é USK de réir bhrí Airteagal 267 CFAE. Ar mhaithe leis an tuiscint seo atá agam a mhíniú, déanfaidh mé, ar dtús, na rialacha a leagan amach go hachomair lena rialaítear eagrú agus feidhmeanna USK (III.A). Sa chomhthéacs sin, léireoidh mé go gcomhlíonann sé na coinníollacha a forbraíodh trí chásdlí na Cúirte Breithiúnais chun go gcaithfear leis mar "chúirt nó binse" (III.B).

A. Eagrú agus struchtúr USK

24. Is comhlacht buan é USK atá bunaithe i gcomhréir le § 8 de ADBG.

25. Ina ordú tarchuir, míníonn an comhlacht sin go bhfeidhmíonn sé mar an mbinse eadrána spóirt "is airde" san Ostair le haghaidh sáruithe ar rialacha frithdhópála. Is é an binse is airde é sa chóras dhá leibhéal arna bhunú ag ADBG chun smachtbhannaí a fhorchur i leith sáruithe frithdhópála. Ag an gcéad chéim, ar thionscnamh NADA, cuirtear de chúram ar ÖADR an cinneadh gur sáraíodh na rialacha frithdhópála is infheidhme agus smachtbhanna a ghearradh. [11]

[11] Bunaíodh ÖADR mar chomhlacht neamhspleách le § 7 de ADBG.

Féadfar athbhreithniú ar chinneadh ÖADR a thabhairt os comhair USK. I gcás den sórt sin, is iad na páirtithe sna himeachtaí, ar thaobh amháin an lúthchleasaí (nó duine eile) lena mbaineann cinneadh ÖADR agus, ar an taobh eile, NADA. [12]

26. Déanann USK cinntí ar bhonn córas vótála tromlaigh, [13] i nós imeachta arna rialú ag Cód Nós Imeachta Sibhialta na hOstaire, [14] agus a Rialacha Nós Imeachta féin. Cuirtear na rialacha deiridh sin ar fáil don phobal. [15]

27. Leagtar amach go sonrach le § 8(1) de ADBG go bhfuil USK neamhspleách ar údaráis phoiblí, ar dhaoine príobháideacha agus ar NADA. Ina theannta sin, sonraítear ann nach gceadaítear do chomhaltaí USK páirt a ghlacadh in imscrúduithe NADA ar sháruithe a d'fhéadfadh a bheith ann ar na rialacha frithdhópála is infheidhme; páirt a ghlacadh i gcinneadh críochnaitheach NADA; páirt a ghlacadh i gcinneadh maidir le hiarraidh ar imscrúdú a chur os comhair ÖADR; nó go deimhin páirt a ghlacadh sa phróiseas imscrúduithe féin. Ní mór do USK tabhairt faoi a chuid cúraimí go féinrialaitheach agus go neamhspleách. [16]

28. De réir § 8(2) de ADBG, tá USK comhdhéanta de chathaoirleach amháin agus seachtar comhaltaí. Ní mór don chathaoirleach agus dá ionadaí nó dá hionadaí an scrúdú breithiúnach nó sa scrúdú barra a bheith bainte amach acu. Ní mór go mbeadh céim sa dlí agus taithí a bheith acu ar imeachtaí imscrúdaithe foirmiúla a sheoladh ag dhá chomhalta den choimisiún. Caithfidh beirt chomhalta eile a bheith ina saineolaithe i gceimic anailíseach nó i dtocsaineolaíocht. Ar deireadh, ní mór do bheirt chomhaltaí a bheith ina saineolaithe ar leigheas spóirt.

29. Mínítear san alt céanna, do gach imeachtaí go gcomhdhéantar USK as an nua: ní mór don chathaoirleach nó dá ionadaí nó dá hionadaí comhalta amháin ar a laghad a ainmniú as measc chomhaltaí USK a bhfuil céim dlí agus taithí acu in imeachtaí imscrúdaithe foirmiúla; saineolaí amháin ar a laghad ar an gceimic anailíseach nó ar an tocsaineolaíocht; agus comhalta amháin ar a laghad atá ina shaineolaí sa leigheas spóirt. [17]

30. De réir § 8(3) de ADBG agus mar a mhínítear san ordú tarchuir, déanann an tAire Cónaidhme Ealaíon, Cultúir, Státseirbhíse agus Spóirt ("an tAire Spóirt") cathaoirleach agus buanchomhaltaí USK a cheapadh ar feadh téarma ceithre bliana, agus tá sé ceadaithe iad a athcheapadh. [18] Ní fhéadfaidh an tAire comhalta de USK a chur as oifig sula rachaidh a théarma oifige nó a téarma oifige in éag ach amháin "ar chúiseanna tromchúiseacha." [19]

12 De réir § 23(2) de ADBG: Is é NADA comhlacht a chuir an t-iarratas ar imscrúdú os comhair ÖADR. Féach § 18 de ADBG.

13 De réir § 8(3) de ADBG:

14 De réir § 23(3) de ADBG:

15 De réir § 23(3) de ADBG: Tá Rialacha Nós Imeachta USK ar fáil ag: https://www.schiedskommission.at/files/doc/Gesetze-Richtlinien-und-Bestimmungen/USK-Verfahrensordnung-2021.pdf ("Rialacha Nós Imeachta USK").

16 Pointe 1(3) de Rialacha Nós Imeachta USK.

17 Féach § 8(2) de ADBG.

18 Tá na heilimintí sin i § 8(3) de ADBG freisin.

19 De réir § 8(3) de ADBG.

31. I gcás díospóidí a bhaineann le himeachtaí spóirt san Ostair nó le lúthchleasaithe Ostaracha, ní mór imeachtaí a thabhairt os comhair USK. [20] Is é sin le rá, ní féidir achomharc a dhéanamh i gcoinne chinneadh ÖADR, i gcásanna den sórt sin, ach amháin trí achomarc a thaisceadh os comhair USK. [21]

32. De réir § 23(3) de ADBG, tá USK faoi cheangal na rialacha frithdhópála is infheidhme de chuid an chomhlachais idirnáisiúnta spóirt inniúil a chur i bhfeidhm agus athbhreithniú á dhéanamh aige ar dhlíthiúlacht cinnidh de chuid ÖADR. Má dhearbhaíonn USK go bhfuil cinneadh neamhdhleathach, féadfaidh sé é a neamhniú, é a leasú nó a chinneadh féin a chur ina ionad. [22]

33. Mar a míníodh ag an éisteacht, féadfar achomhairc i gcoinne chinntí USK a thabhairt os comhair chúirteanna sibhialta inniúla na hOstaire – nuair a bhaineann na hachomhairc sin le hábhair dlí shibhialta. I gcásanna den sórt sin, níl USK ina pháirtí sna himeachtaí os comhair na cúirte sibhialta inniúla. Ina ionad sin, is iad NADA agus an lúthchleasaí (nó duine eile) a leanann ar aghaidh mar pháirtithe.

34. Mar sin féin, mar a míníodh ag an éisteacht agus nár chuir ceachtar den dá pháirtí ina choinne, is cosúil nach dtagann an cinneadh faoi dhlíthiúlacht na faisnéise faoi chinneadh USK ina bhfuil sonraí pearsanta an iarratasóra a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin NADA faoi inniúlacht chúirteanna sibhialta na hOstaire. Chomh maith céanna, míníodh freisin nach féidir le cúirteanna riaracháin na hOstaire athbhreithniú a dhéanamh ar chinntí USK. Dá bhrí sin, agus cinneadh á dhéanamh maidir le dlíthiúlacht cinnidh chun sonraí pearsanta lúthchleasaí a fhoilsiú, is cosúil gurb é USK an chéim dheiridh le díospóidí a réiteach san Ostair.

35. Féadfaidh lúthchleasaí tabhairt faoi dóigh éagsúil, nach mbaineann USK leis, trí ghearán a dhéanamh leis an Datenschutzbehörde (Údarás um Chosaint Sonraí na hOstaire). Féadfar caingne i gcoinne chinntí an Datenschutzbehörde a thabhairt os comhair na gcúirteanna riaracháin san Ostair.

36. Ar deireadh, agus cé nach bhfuil sé go hiomlán soiléir ón eolas atá i gcomhad na Cúirte Breithiúnais, dealraíonn sé go bhféadfaidh lúthchleasaí cinneadh a dhéanamh achomharc a thabhairt i gcoinne chinneadh USK os comhair CAS, nuair a bhaineann an gearán le hábhair a bhaineann le cur i bhfeidhm ceart rialacha frithdhópála an chomhlachais idirnáisiúnta spóirt lena mbaineann agus/nó le cur i bhfeidhm ceart WADC. [23]

37. I bhfianaise an mhéid thuas, déanfaidh mé scrúdú anois ar an gceist an ionann USK agus "cúirt nó binse" de réir bhrí Airteagal 267 CFAE.

[20] I gcás ina mbeidh rannpháirtíocht i gcomórtas spóirt idirnáisiúnta faoi chaibidil nó cás ina bhfuil lúthchleasaithe idirnáisiúnta páirteach ann, féadfar caingean a thabhairt go díreach os comhair an Internationaler Sportgerichtshof (an Chúirt Eadrána Spóirt) ("CAS"). Féach § 23(4) de ADBG. Mar sin féin, is cosúil nach bhfuil baint ag an eisceacht sin leis an gcás seo.

[21] Féach § 23(1) agus (4) de ADBG agus pointe IV(3) den ordú tarchuir. Mínítear sa phointe deiridh sin go bhfuil sé dearbhaithe ag an Oberster Gerichtshof (an Chúirt Uachtarach, an Ostair) gur gá achomharc a dhéanamh ar chinneadh ÖADR os comhair USK sular féidir dul ar iontaoibh na gcúirteanna sibhialta in ábhair a bhaineann le sárú ar rialacha frithdhópála.

[22] § 23(1) de ADBG.

[23] Ní luann § 23(4) de ADBG go sainráite, áfach, ach gur féidir le WADA, Coiste Idirnáisiúnta na gCluichí Oilimpeacha, an Coiste Parailimpeach Idirnáisiúnta agus aon chónaidhm inniúil idirnáisiúnta spóirt achomharc a dhéanamh os comhair CAS.

B. An "cúirt nó binse" é USK?

38. Le tamall anois – ón mbreithiúnas in *Vaassen-Göbbels* – tá sé dearbhaithe ag an gCúirt Bhreithiúnais nach mór an bhrí atá le "cúirt nó binse" in Airteagal 267 CFAE (mar atá ann faoi láthair) a réiteach go heisiach faoi dhlí an Aontais.[24] Leis an gcur chuige sin, ceadaítear don Chúirt Bhreithiúnais tarchur chun réamhrialú a éisteacht ó chomhlachtaí, ar nós USK, nach meastar gur cúirteanna iad de réir na deighilte bunreachtúla "clasaicí" de chumhachtaí i mBallstát idir an reachtas, an feidhmeannas agus na breithiúna, ach a bhfuil an inniúlacht acu mar sin féin díospóidí a réiteach trí dhlí an Aontais a chur i bhfeidhm. Trí raon níos leithne comhlachtaí ná na cúirteanna sa "ghnáth" chiall a cheadú le tagairtí den sórt sin a dhéanamh, cuirtear feabhas ar phríomhsprioc an nós imeachta um réamhrialú chun aonfhoirmeacht chur i bhfeidhm dhlí an Aontais a áirithiú. Dá bhrí sin, ó thráth luath, cheadaigh an Chúirt Bhreithiúnais tarchur chun réamhrialú ó chomhlachtaí nach tugtar "cúirteanna nó binsí" "clasaiceacha" orthu go traidisiúnta. Mar sin féin, níor cuireadh an creat seo ar fáil do gach comhlacht nach mór dóibh dlí an Aontais a chur i bhfeidhm, ach dóibh siúd amháin ar féidir a mheas gur "cúirteanna nó binsí" iad.

39. Níl sainmhíniú tugtha riamh ag an gCúirt Bhreithiúnais ar an gcoincheap "cúirt nó binse" in Airteagal 267 CFAE.[25] Mar sin féin, thar na blianta, tá roinnt critéar forbartha aici a chuireann sí san áireamh agus cinneadh á dhéanamh an féidir glacadh le tarchur chun réamhrialú. I measc na gcritéar sin: cé acu atá nó nach bhfuil an comhlacht a dhéanann an tagairt bunaithe le dlí; cé acu an bhfuil sí buanbhunaithe nó nach bhfuil; an bhfuil a dlínse éigeantach; cé acu an bhfuil nó nach bhfuil a nós imeachta *inter partes*; an gcuireann sé rialacha dlí i bhfeidhm agus an bhfuil sé neamhspleách (go hinmheánach agus go seachtrach).[26] Cé gur cuireadh na critéir sin i bhfeidhm le leibhéil éagsúla déine thar na blianta, le déanaí, b'fhéidir faoi thionchar na mbreithiúnas maidir leis an smacht reachta,[27] tá neartú déanta ar an gceanglas maidir le neamhspleáchas. Sa bhreithiúnas i gcás *Banco de Santander*,[28] mar shampla, mheas an Chúirt Bhreithiúnais gur ghá a seasamh a athrú i ndáil le hinghlacthacht tagairtí ón Tribunal Económico-Administrativo Central (an Binse Cánach Lárnach, an Spáinn; "TEAC"), ós rud é, murab ionann agus roinnt blianta roimhe sin,[29] nach raibh an ceanglas neamhspleáchais á shásamh ag an gcomhlacht sin.

40. Go deimhin, is é an ceanglas maidir le neamhspleáchas atá conspóideach i ndáil le USK. Sula míním cén fáth a measaim go gcomhlíonann an comhlacht a rinne an tarchur an critéar sin sa chás seo, léireoidh mé ar dtús go gcomhlíonann sé critéir eile a d'úsáid an Chúirt Bhreithiúnais ina cásdlí maidir leis an gcoincheap "cúirt nó binse" in Airteagal 267 CFAE.

24 Féach breithiúnas an 30 Meitheamh 1966, (61/65, EU:C:1966:39, lch. 273).

25 Tá daoine ann a cháin an Chúirt Bhreithiúnais toisc nár thug siad sainmhíniú cuimsitheach ar an gcoincheap "cúirt nó binse". Féach, mar shampla, Tuairim an Abhcóide Ghinearálta Ruiz-Jarabo Colomer i gcás *De Coster*, (C-17/00, EU:C:2001:366, pointe 14) nó Broberg, M., agus Fenger, N., *Preliminary References to the European Court of Justice*, an dara heagrán, Oxford University Press, Oxford, 2014, lch. 70. Tá daoine eile ann, agus aontaím leis an tuairim seo, go n-éilíonn éagsúlacht agus forbairt leanúnach na n-institiúidí i mBallstáit an Aontais solúbthacht chun cinneadh a dhéanamh an féidir institiúid a aicmiú mar "chúirt nó binse". Féach, mar shampla, Tuairim an Abhcóide Ghinearálta Wahl i gCásanna Uamtha *Torresi* (C-58/13 agus C-59/13, EU:C:2014:265, pointe 27) agus Wahl, N., agus Prete, L., "The Gatekeepers of Article 267 TFEU: On Jurisdiction and Admissibility of References for Preliminary Rulings", *Common Market Law Review*, Imleabar 55(2), 2018, lgh. 511 go 548, ag lch. 522.

26 Féach, mar shampla, breithiúnas an 17 Meán Fómhair 1997, *Dorsch Consult* (C-54/96, EU:C:1997:413, mír 23). I gcomhair cás níos déanaí, féach breithiúnas an 21 Eanáir 2020, *Banco de Santander* (C-274/14, EU:C:2020:17, mír 51 agus an cásdlí dá dtagraítear).

27 Féach, mar shampla, breithiúnais an 27 Feabhra 2018, *Associação Sindical dos Juízes Portugueses* (C-64/16, EU:C:2018:117, mír 42 et seq.); an 25 Iúil 2018, *Minister for Justice and Equality (Easnaimh sa chóras breithiúnach)* (C-216/18 PPU, EU:C:2018:586, mír 54 et seq.); agus an 24 Meitheamh 2019, *an Coimisiún* v *an Pholainn (Neamhspleáchas na Cúirte Uachtaraí)*, (C-619/18, EU:C:2019:531, mír 74 et seq.).

28 Breithiúnas an 21 Eanáir 2020 (C-274/14, EU:C:2020:17, mír 55, ach féach freisin an anailís iomlán ar neamhspleáchas i míreanna 51 go 77).

29 Breithiúnas an 21 Márta 2000, *Gabalfrisa agus páirtithe eile* (C-110/98 go C-147/98, EU:C:2000:145, mír 39).

1. "Bunaithe le dlí" agus "buan"

41. Is éard atá i gceist leis an gceanglas go mbunófaí an comhlacht atá ag déanamh tagairt chun réamhrialú le dlí ná go bhfuil bunús dlí an chomhlachta sin le fáil sa reachtaíocht náisiúnta, bíodh sí sin reachtaíocht phríomha nó reachtaíocht thánaisteach.[30] Leis an gcritéar buaine, éilítear go mbeidh an comhlacht, mar institiúid, buan, is cuma go bhféadfadh sé a bheith comhdhéanta as an nua do gach imeacht nó go bhfuil comhdhéanamh athraitheach aige.[31]

42. Sa chás atá faoi chaibidil, is léir go sásaítear na critéir sin: mar atá mínithe agam, bunaíodh USK de réir ADBG, reachtaíocht chónaidhme na hOstaire. Ceaptar a chomhaltaí buana ar feadh tréimhse in-athnuaite ceithre bliana, agus, cé go n-athraíonn comhdhéanamh an phainéil atá freagrach as cinntí a dhéanamh, tá sé comhdhéanta i gcomhréir leis na rialacha dá bhforáiltear sa dlí agus ó liosta na mbuanchomhaltaí de USK (féach pointí 28 agus 29 den Tuairim seo).

2. "Dlínse éigeantach"

43. Cuireadh an ceanglas go mbeadh dlínse éigeantach ag comhlacht a dhéanann tagairt do réamhrialú i bhfeidhm ar dhá bhealach sa chásdlí. Tá sé éilithe ag an gCúirt Bhreithiúnais nach féidir leis na páirtithe sna himeachtaí os a comhair a roghnú ar chóir don chomhlacht sin déileáil leis an gcás[32] nó tá sé éilithe aici go mbeadh cinntí an chomhlachta lena mbaineann ceangailteach ar na páirtithe.[33] Measadh gur comhlíonadh an critéar maidir le dlínse éigeantach fós i gcás inar thug an dlí náisiúnta rogha do na páirtithe achomharc a dhéanamh chuig an gcomhlacht atá i gceist nó chuig "gnáthchúirteanna" na dlínse sin.[34] Tá sé tábhachtach ná nach mbraitheann dlínse an chomhlachta a dhéanann an tarchur ar chomhaontú na bpáirtithe freasúracha maidir le dlínse a bheith aige, ós rud é go mbunaítear dlínse go huathoibríoch nuair a thionscnaíonn páirtí amháin caingean.

44. Sásaíonn USK an critéar maidir le dlínse éigeantach sa dá bhealach. Is fiú a shoiléiriú ag an bpointe seo, in ainneoin a ainm, nach "binse eadrána" é an comhlacht sin sa chiall go dtagann a dhlínse ó chomhaontú idir na páirtithe. Ina ionad sin, mar a mhínigh mé i bpointí 24 agus 31 den Tuairim seo, agus de réir mar a mhíníonn an t-ordú tarchuir agus na páirtithe araon, san Ostair, bíonn USK ag gníomhú, ar bhonn dlí cónaidhme, mar dhlínse *éigeantach* i gcás iarrataí ar athbhreithniú ar chinntí ÖADR.

45. Tá cinntí USK ina gceangal ar na páirtithe sa díospóid. D'fhéadfaí a rá, ar an gcúis sin, go bhforáiltear le reachtaíocht na hOstaire go bhféadfaí achomharc a dhéanamh in ábhair a bhaineann le cúrsaí dlí shibhialta chuig cúirteanna sibhialta na hOstaire, ar thaobh amháin, agus, ar an taobh eile, in ábhair a bhaineann le rialacha idirnáisiúnta frithdhópála, chuig cúirteanna sibhialta na hOstaire nó chuig CAS. Dealraíonn sé, áfach, faoi dhlí na hOstaire nach bhfuil cúirt

30 Féach breithiúnas an 6 Deireadh Fómhair 2015, *Consorci Sanitari del Maresme* (C-203/14, EU:C:2015:664, mír 18).

31 Féach, mar shampla, breithiúnas an 12 Meitheamh 2014, *Ascendi Beiras Litoral e Alta, Auto Estradas das Beiras Litoral e Alta* (C-377/13, EU:C:2014:1754, mír 26) (deabhaítear cé "go bhfuil comhdhéanamh fhoirmíochtaí trialach [an bhinse] neamhbhuan agus go dtagann deireadh lena ngníomhaíocht chomh luath agus a bhfuil cinneadh déanta acu[;]...ar an iomlán, tá nádúr buan ag [an mbinse]).

32 Féach, mar shampla, breithiúnais an 23 Márta 1982, *Nordsee* (102/81, EU:C:1982:107, mír 11) agus an 17 Deireadh Fómhair 1989, *Handels- og Kontorfunktionærernes Forbund i Danmark* (109/88, EU:C:1989:383, mír 7).

33 Féach, mar shampla, ordú an 17 Iúil 2014, *Emmeci* (C-427/13, nár foilsíodh, EU:C:2014:2121, míreanna 25, 30 agus 31) (ina ndearbhaítear nár chomhlíon comhlacht a eisíonn tuairimí comhairleacha an critéar maidir le "dlínse éigeantach").

34 Féach, mar shampla, breithiúnais an 6 Deireadh Fómhair 2015, *Consorci Sanitari del Maresme* (C-203/14, EU:C:2015:664, mír 24) agus an 26 Eanáir 2023, *Construct* (C-403/21, EU:C:2023:47, mír 41) (lena ndearbhaítear go raibh tarchur chun réamhrialú inghlactha ó chomhlachtaí a raibh a ndlínse coibhéiseach le dlínse na gcúirteanna riaracháin ábhartha, sa chás ina raibh an rogha ag an éilitheoir, faoin dlí is infheidhme, dul os comhair an chomhlachta a rinne an tarchur).

dara céime ann inar féidir achomharc a dhéanamh in aghaidh cinneadh ó USK maidir le comhoiriúnacht le RGCS cinneadh chun sonraí pearsanta lúthchleasaí a fhoilsiú. Dá bhrí sin, dealraíonn sé gurb iomchuí a mheas gur "cúirt nó binse" é an comhlacht sin a bhfuil *oibleagáid* aige, de réir mhír 3 d'Airteagal 267 CFAE, tagairt le haghaidh réamhrialú a dhéanamh i gcás ina measann sé nach bhfuil cur i bhfeidhm RGCS soiléir nuair a chuirtear i bhfeidhm é maidir le himthosca na díospóide os a comhair.

3. "Nós imeachta na sáraíochta"

46. Ní critéar iomlán é an ceanglas go mbeadh nós imeachta sáraíochta i gceist.[35] Mar sin féin, ní mór go mbeadh deis ann éisteacht a thabhairt do na páirtithe,[36] gan gá a bheith ann go mbeadh éisteacht *inter partes*.[37]

47. Chun críocha na n-imeachtaí seo, sásaítear an critéar sin freisin: is léir ó chomhad an cháis go ndearna USK malartuithe forleathana aighneachtaí i scríbhinn idir na páirtithe, chomh maith le dhá éisteacht a tionóladh os comhair ÖADR i mí an Mhárta agus i mí na Bealtaine 2021.

4. "Cinntí atá bunaithe ar rialacha dlíthiúla"

48. Is féidir cuir síos a dhéanamh ar chomhlacht a dhéanann tarchur mar "chúirt nó binse" más gá dó cinneadh a dhéanamh maidir lena rialú trí rialacha dlíthiúla a chur i bhfeidhm. Baineann an ceanglas sin leis na rialacha substainteacha[38] agus leis na rialacha lena rialaítear an nós imeachta os comhair an chomhlachta lena mbaineann.[39]

49. Sa chás seo, tá nós imeachta cinnteoireachta USK á rialú ag rialacha substainteacha agus nós imeachta réamhshocraithe. Nuair a dhéanann sé athbhreithniú ar chinntí ÖADR, ní mór do USK na rialacha frithdhópála ábhartha de chuid ADBG a chur i bhfeidhm chomh maith leis na rialacha ón gcomhlachas idirnáisiúnta inniúil spóirt nó ó na comhlachais idirnáisiúnta inniúla spóirt (sa chás seo, IAAF agus WADC).[40] Mar institiúid de chuid Bhallstáit, ní mór do USK rialacha ábhartha an Aontais a chur i bhfeidhm freisin. Mar gheall ar an oibleagáid sin, tá cinneadh déanta ag USK an cás seo a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais chun léiriú ar RGCS a lorg.

50. I dtéarmaí na rialacha nós imeachta atá infheidhme, mar a thuairiscítear i bpointe 26 den Tuairim seo, tá nós imeachta USK á rialú ag rialacha nós imeachta sibhialta na hOstaire chomh maith lena Rialacha Nós Imeachta féin. Tá sé riachtanach go ndéantar cearta cosanta na

35 Féach breithiúnais an 17 Meán Fómhair 1997, *Dorsch Consult* (C-54/96, EU:C:1997:413, mír 31), agus an 29 Samhain 2001, *De Coster* (C-17/00, EU:C:2001:651, mír 14) (ina dtugtar aird gur cheanglas de chineál neamh-absalóideach é an ceanglas maidir le himeachtaí "*inter partes*", sa mhéid is gur féidir fiú le nós imeachta nach bhfuil saintréithe den sórt sin i gceist an coinníoll maidir le "cúirt nó binse" a chomhlíonadh faoi Airteagal 267 CFAE).

36 Féach breithiúnas an 17 Meán Fómhair 1997, *Dorsch Consult*, (C-54/96, EU:C:1997:413, mír 31).

37 Féach, mar shampla, breithiúnas an 16 Iúil 2020, *Governo della Repubblica italiana (Stádas giúistísí na hIodáile)* (C-658/18, EU:C:2020:572, mír 63).

38 Sásaítear an ceanglas sin fiú má tá critéir bhreise ann ar ar a mbonn a dhéanann comhlacht cinneadh. Féach breithiúnas an 27 Aibreán 1994, *Almelo* (C-393/92, EU:C:1994:171, mír 23) (lena ndearbhaíodh go raibh tagairt ó chomhlacht inghlactha sa chás go ndéanann an comhlacht sin athbhreithniú chomh maith le rialacha dlí a chur i bhfeidhm, ar bhonn a bhfuil cothrom agus réasúnach).

39 Ní gá go mbeadh na rialacha nós imeachta a chuireann an comhlacht i bhfeidhm socraithe le reachtaíocht, ach féadfaidh an comhlacht féin iad a ghlacadh. Féach, mar shampla, breithiúnas an 17 Meán Fómhair 1997, *Dorsch Consult* (C-54/96, EU:C:1997:413, mír 33) (lena ndíbhtear agóid gur ghlac an comhlacht a rinne an tarchur féin na rialacha nós imeachta atá i gceist, nár tháinig na rialacha sin i bhfeidhm i ndáil le tríú páirtithe, agus nár foilsíodh iad).

40 Féach § 23(3) de ADBG. Féach, chomh maith, pointe 11 de Rialacha Nós Imeachta USK.

bpáirtithe a urramú.[41] Ní mór a chinneadh a thabhairt laistigh de thréimhse réamhshocraithe.[42] Dá bhrí sin, rialaítear cumhachtaí USK le sraith rialacha nós imeachta agus substainteacha réamhshocraithe nach mór dó a leanúint.

5. "Neamhspleáchas"

51. Agus cinneadh á dhéanamh ar cheart don Chúirt Bhreithiúnais glacadh leis an tarchur seo ó USK, is é an t-aon chritéar nach gá a chomhlíonadh ná an ceanglas maidir le neamhspleáchas.

52. Fiú más gné bhunúsach den fheidhm bhreithiúnach é coincheap an neamhspleáchais,[43] ní raibh sé ach in 1987 a chinn an Chúirt Bhreithiúnais, ina breithiúnas in *X* (cás "*Pretore di Salò*")[44] go mbeadh ar chomhlacht a rinne an tarchur gníomhú go neamhspleách chun leas a bhaint as an bhféidearthacht dul i mbun idirphlé leis an gCúirt Bhreithiúnais in imeachtaí réamhrialaithe.

53. Cé gur gné riachtanach é an neamhspleáchas ionas gurbh ionann comhlach mar "chúirt nó binse" dá bhforáiltear faoi Airteagal 267 CFAE, nuair a rinneadh tarchuir chun réamhrialú ó chúirt laistigh de struchtúr bhreithiúna bunaithe na mBallstát, níor cheistigh an Chúirt Bhreithiúnais a neamhspleáchas. Bhí neamhspleáchas na comhlachta intuigthe go huathoibríoch. Dá bhrí sin, ní dhearnadh measúnú ar an gceist "neamhspleáchais" ach amháin nuair a bhí na tagairtí á ndéanamh ag comhlachtaí nach mbaineann le brainse breithiúnach rialtais Ballstáit. Sna himthosca sin, ní raibh aon ghá le mionsaothrú a dhéanamh ar ábhar beacht an cheanglais maidir le neamhspleáchas mar a fhorchuirtear é le dlí an Aontais.[45]

54. B'amhlaidh an cás, go dtí le déanaí, nuair a cuireadh amhras ar neamhspleáchas na mbreithiúna i roinnt Ballstát mar gheall ar iarracht ar athruithe reachtacha a dhéanamh nó a chur chun feidhme. Leis an "gcúlú ar an smacht reachta", mar a thagraítear dó go minic,[46] ceanglaíodh ar an gCúirt Bhreithiúnais míniú níos mionsonraithe a thabhairt ar an méid a thuigtear faoi cheanglas "neamhspleáchais" na gcúirteanna. Leis na breithiúnais ábhartha, a d'eascair as imeachtaí um shárú nó as iarrataí ar réamhrialú,[47] fiosraíodh ar thug reachtaíocht na mBallstát, ar pháipéar agus mar a cuireadh chun feidhme sa chleachtas iad, ráthaíochtaí leordhóthanacha do chinnteoireacht uathrialaitheach agus neamhspleách ag breithiúna. Agus cinneadh á dhéanamh maidir leis an gceist sin, ceanglaíodh ar an gCúirt Bhreithiúnais tuilleadh mionsaothraithe a dhéanamh ar choincheap an neamhspleáchais.

41 Féach, pointe 8 de Rialacha Nós Imeachta USK.

42 De réir § 23(4) de ADBG, ní mór na himeachtaí ar fad a thabhairt chun críche laistigh de shé mhí.

43 Féach, chuige sin, Tuairim an Abhcóide Ghinearálta Darmon in *Corbiau*, (C-24/92, EU:C:1993:59, pointe 10).

44 Féach breithiúnas an 11 Meitheamh 1987, *X* (14/86, EU:C:1987:275, mír 7). I bhfad roimhe sin, áfach, mheas an tAbhcóide Ginearálta Gand ina Thuairim in *Vaassen-Göbbels*, (61/65, EU:C:1966:25, lch. 281), gur saintréith thábhachtach den choincheap "cúirt nó binse" é an neamhspleáchas.

45 Mar sin féin, mheas roinnt Abhcóidí Ginearálta go bhfuil cur chuige na Cúirte Breithiúnais maidir le saincheist neamhspleáchas an chomhlachta a dhéanann an tarchur ró-solúbtha. Féach, mar shampla, Tuairim an Abhcóide Ghinearálta Ruiz-Jarabo Colomer i gcás *De Coster* (C-17/00, EU:C:2001:366, pointí 19 go 28) (ina mínítear go ndearnadh an cásdlí a mhaolú de réir a chéile i ndáil leis an gceanglas neamhspleáchais).

46 Féach, mar shampla, Pech, L., agus Scheppele, K.L., "Illiberalism Within: Rule of Law Backsliding in the EU", *Cambridge Yearbook of European Legal Studies*, Imleabhar. 19, Cambridge University Press, 2017, lgh. 3 go 47; Priebus, S., "The Commission's Approach to Rule of Law Backsliding: Managing Instead of Enforcing Democratic Values?", *Journal of Common Market Studies*, Imleabhar. 60(6), University Association for Contemporary European Studies agus John Wiley & Sons Ltd, 2022, lgh. 1684 go 1700.

47 Chun forléargas a fháil ar na breithiúnais ábhartha, féach Parlaimint na hEorpa, Ard-Stiúrthóireacht Phóilíní Inmheánacha an Aontais, Pech, L., "The European Court of Justice's jurisdiction over national judiciary-related measures", Parlaimint na hEorpa, 2023, ar fáil ag: https://democracyinstitute.ceu.edu/articles/european-parliament-publishes-study-laurent-pech.

55. Sa chásdlí sin, cuireadh tús le plé [48] maidir leis an gceist i dtaobh na critéir neamhspleáchais a bheith (agus ar cheart fanacht) mar an gcéanna nuair a chinneann an Chúirt Bhreithiúnais an "cúirt nó binse" é comhlacht chun críocha Airteagal 267 CFAE; nuair a chinneann sí neamhspleáchas i gcomhthéacsanna éagsúla, amhail sáruithe líomhnaithe ar Airteagal 19 CAE ag Ballstát; nó faoin gceanglas neamhspleáchais a fhorchuirtear le píosaí áirithe de reachtaíocht AE. [49] Sa bhreithiúnas i gcás *Associação Sindical dos Juízes Portugueses*, [50] rinne an Chúirt Bhreithiúnas nasc sainráite idir an critéar "neamhspleáchais" in Airteagal 19 CAE, Airteagal 47 den Chairt agus Airteagal 267 CFAE. D'fhéadfaí a rá gurb ionann breithiúnas *Banco de Santander* agus cás inar cuireadh na critéir a forbraíodh i gcomhthéacs Airteagal 19 CAE i bhfeidhm chun coincheap an "neamhspleáchais" a chinneadh i gcomhthéacs Airteagal 267 CFAE. [51]

56. Tá imní léirithe ag roinnt údar go bhféadfadh an cásdlí a bhaineann le hAirteagal 19 CAE agus an cásdlí a bhaineann leis an gcoincheap "cúirt nó binse" in Airteagal 267 CFAE an t-idirphlé breithiúnach nuair a dhéanann cúirteanna ó Bhallstáit ina bhfuarthas amach gurb ann d'easnaimh shistéamacha i ráthaíochtaí maidir le neamhspleáchas na mbreithiúna a dhúnadh. [52] Ag an am céanna, chuir roinnt Abhcóidí Ginearálta in iúl, maidir le measúnú neamhspleáchais, go bhfuil tábhacht ag baint leis an gcomhthéacs. [53]

57. Is cinnte gur fíor go bhfuil tábhacht a bhaint leis an gcomhthéacs, nó, i bhfocail eile, an fáth a ndéanann an Chúirt Bhreithiúnais measúnú ar na rialacha is infheidhme maidir le hinstitiúid. Mar sin féin, ní fheicim conas a bhaineann sé sin go huathoibríoch le difríocht i gcaighdeán substainteach neamhspleáchais i ngach ceann de na cásanna éagsúla a luaitear. Cé go bhfuil athrú tagtha ar an gcaoi a dtuigtear coincheap an neamhspleáchais i ndlí an Aontais, ní gá go gciallaíonn sé sin gurb ann do choincheapa éagsúla neamhspleáchais. Dar liom, is ionann an ceanglas neamhspleáchais d'aon chomhlacht atá ag iarraidh a bheith aicmithe mar "chúirt", cibé acu chun ceanglais Airteagal 19 CAE a chomhlíonadh nó chun críche ceanglais Airteagal 267 CFAE a chomhlíonadh.

58. Dá ndéanfaí na ceanglais chéanna a forbraíodh sna cásanna a bhaineann le hAirteagal 19 CAE a chur i bhfeidhm maidir le measúnú a dhéanamh i dtaobh an "cúirt nó binse" é comhlacht faoi Airteagal 267 CFAE, ní chuirfí an t-idirphlé breithiúnach faoi Airteagal 267 CFAE i mbaol, i mo thuairim. Os a choinne sin, mar a mhíneoidh mé in imthosca an cháis seo, is gá cur chuige den sórt sin chun a áirithiú, trí chomhlachtaí speisialaithe a chruthú a mbeidh sé de chúram orthu catagóirí teoranta áirithe díospóidí a bhreithniú, nach rachaidh na Ballstáit timpeall ar an

48 Féach, mar shampla, Broberg, M. agus Fenger, N., "The European Court of Justice's Transformation of its Approach towards Preliminary References from Member State Administrative Bodies", *Cambridge Yearbook of European Legal Studies*, Imleabhar. 24, Cambridge University Press, 2022, lch. 2 et seq.

49 Is sampla den nós imeachta deiridh sin é breithiúnas an 19 Meán Fómhair 2006, *Wilson* (C-506/04, EU:C:2006:587), inar thug an Chúirt Bhreithiúnais mionsaothrú ar an méid a thuigtear mar neamhspleáchas seachtrach agus inmheánach na gcúirteanna. Bhí an Chúirt Bhreithiúnais ag gníomhú i gcomhthéacs tagairt a bhain le measúnú a dhéanamh i dtaobh an gcomhlíonann reachtaíocht náisiúnta na ceanglais neamhspleáchais a cheanglaítear le hAirteagal 9 de Threoir 98/5/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 1998 chun cleachtas ghairm an dlíodóra a éascú ar bhonn buan i mBallstát eile seachas an Ballstát ina bhfuarthas an cháilíocht (IO 1998 L 77, lch. 36), is é sin le rá, maidir le saorghluaiseacht dlíodóirí. Leis an bhforáil sin, ceanglaíodh ar na Ballstáit leigheasanna a chur ar fáil os comhair "cúirteanna nó binsí" i gcoinne cinntí a bhaineann le dlíodóir a chlárú.

50 Féach, *inter alia*, breithiúnas an 27 Feabhra 2018 (C-64/16, EU:C:2018:117, míreanna 34 go 38 agus 42 agus 43.

51 Breithiúnas an 21 Eanáir 2020, *Banco de Santander* (C-274/14, EU:C:2020:17, mír 55 et seq.). Féach freisin Broberg, M. agus Fenger, N., "The European Court of Justice's Transformation of its Approach towards Preliminary References from member State Administrative Bodies", *Cambridge Yearbook of European Legal Studies*, Imleabhar. 24, Cambridge University Press, 2022, lch. 21 et seq. (measúnú a dhéanamh ar fhorbairt an choincheapa "neamhspleáchais" faoi Airteagal 267 CFAE agus ar na héifeachtaí iarmharta ón gcásdlí ar Airteagal 19(1) CAE agus ar Airteagal 47 den Chairt).

52 Féach, mar shampla Reyns, C., "Saving judicial independence: a threat to the preliminary ruling mechanism?", *European Constitutional Law Review*, Imleabhar. 17(1), Cambridge University Press, 2021, lgh. 26 go 52.

53 Féach, chuige sin, Tuairimí an Abhcóide Ginearálta Wahl i gcásanna uamtha *Torresi* (C-58/13 agus C-59/13, EU:C:2014:265, pointí 46 go 54), agus an Abhcóide Ginearálta Bobek in *Pula Parking* (C-551/15, EU:C:2016:825, pointí 76 go 107).

gceanglas tábhachtach maidir le neamhspleáchas a fhorchuireann dlíchóras an Aontais ar na breithiúna náisiúnta. Áirithítear leis an neamhspleáchas cothrom na féinne do na páirtithe i ndíospóid, bíodh sé sin ó thaobh gnéithe inmheánacha agus seachtracha de araon.[54] Dá bhrí sin, is gné riachtanach de chosaint bhreithiúnach éifeachtach í agus tuigtear gur ceart bunúsach é sin atá ag gach duine i ngach cineál díospóide a d'fhéadfaí a réiteach trí mhodhanna breithiúnacha. Ní chiallaíonn an méid sin gur cheart go n-athródh an modh a úsáideann an Chúirt Bhreithiúnais agus scrúdú á dhéanamh aici ar inghlacthacht tarchur le haghaidh réamhrialú. Nuair a thagann an tagairt ó dhlínse bhreithiúnach "chlasaiceach", glactar leis fós gur cúirt í an comhlacht sin agus nach bhfuil gá le tuilleadh anailíse a dhéanamh. Ní gá neamhspleáchas an chomhlachta a dhéanann an tarchur a fhíorú ach amháin má ardaíonn páirtí sna himeachtaí amhras maidir le neamhspleáchas chomhaltaí an chomhlachta sin, nó má chuirtear amhras in iúl don Chúirt Bhreithiúnais ar shlí eile. Os a choinne sin, ní mór neamhspleáchas comhlachtaí eile a dhéanann tarchur a chruthú sular féidir glacadh leis.

59. Mar atá an cásdlí faoi láthair, tá gnéithe "seachtracha" agus "inmheánacha" araon ag baint leis an neamhspleáchas.[55] Éilíonn an cheád ghné go mbeadh breithneoir in ann cinneadh a dhéanamh go huathrialach,[56] gan a bheith nochta d'aon treoracha seachtracha. Chun é sin a éascú, forchuirtear le dlí an Aontais caighdeáin áirithe a bhaineann le comhaltaí "cúirt nó binse" a cheapadh agus a chur as oifig. Fiú más féidir le duine nó comhlacht seachtrach, lena n-áirítear aire rialtais, comhaltaí breithnithe an chomhlachta lena mbaineann a cheapadh tar éis a gceaptha, ní mór dóibh a bheith saor ó thionchar an duine nó an chomhlachta sin. Chuige sin, éilíonn an Chúirt Bhreithiúnais – go tábhachtach – go mbeadh na rialacha lena gcoisctear comhalta a bhaint fréamhaithe i gcoimircí reachtacha thar dhlíthe riaracháin nó fostaíochta amháin.[57] Is é sin le rá, na daoine nó na comhlachtaí a cheapann comhaltaí "na cúirte nó an bhinse" lena mbaineann, ní mór cosc a chur orthu comhaltaí eile a cheapadh in ionad na gcomhaltaí sin díreach toisc nach n-aontaíonn siad lena dtuairim.

60. Ní chiallaíonn sé sin nach mór go mbeadh sé dodhéanta go hiomlán comhalta a chur as oifig nó go bhféadfadh sé nach mbeadh an inniúlacht ag na daoine nó ag na comhlachtaí a cheapann na comhaltaí sin iad a chur as oifig. Ina ionad sin, ní mór na cúiseanna atá ann le comhalta a chur as oifig roimh dheireadh a théarma nó a téarma oifige a bheith bunaithe ar "fhorais dhlisteanacha thathantacha, faoi réir phrionsabal na comhréireachta".[58] Ina theannta sin, ní mór na cúiseanna agus na nósanna imeachta iomchuí leis an mbriseadh as oifig sin a leagan amach go soiléir.

[54] De ghnáth, déantar cur síos sa chásdlí ar ghné "inmheánach" an neamhspleáchais, nó na neamhchlaontachta, mar ghnéithe tábhachtacha chun cothrom na féinne a áirithiú do pháirtithe. Féach, mar shampla, breithiúnas an 19 Meán Fómhair 2006, *Wilson* (C-506/04, EU:C:2006:587, mír 52). Dá bhrí sin, ní féidir le breithneoirí aon leas pearsanta a bheith acu i dtoradh na díospóide. Táim den tuairim go gcuireann an ghné "seachtrach" den neamhspleáchas, a éilíonn nach mbeadh aon tionchar seachtrach ar bhreithneoirí, leis an sprioc chéanna, is é sin cothrom na féinne a áirithiú don dá thaobh de dhíospóid. Freisin, eascraíonn toradh díospóide as brú seachtrach nach toradh í ar chinneadh uathrialach an bhreithneora, ach ar ghníomhaí seachtrach a raibh tionchar aige ar an mbreithneoir, is dóichí a théann chun tairbhe ceann amháin de na páirtithe.

[55] Féach, go háirithe, breithiúnais an 19 Meán Fómhair 2006, *Wilson* (C-506/04, EU:C:2006:587, míreanna 49 go 52), agus an 21 Eanáir 2020, *Banco de Santander* (C-274/14, EU:C:2020:17, míreanna 57 go 62).

[56] Féach mar shampla, breithiúnas an 5 Samhain 2019, *an Coimisiún* v *an Pholainn (Neamhspleáchas na ngnáthchúirteanna)* (C-192/18, EU:C:2019:924, mír 109 agus an cásdlí dá dtagraítear).

[57] Feách breithiúnais an 21 Eanáir 2020, *Banco de Santander* (C-274/14, EU:C:2020:17, mír 60 agus an cásdlí dá dtagraítear), agus an 16 Iúil 2020, *Governo della Repubblica italiana (Stádas giúistísí na hIodáile)* (C-658/18, EU:C:2020:572, mír 49).

[58] Feách breithiúnais an 21 Eanáir 2020, *Banco de Santander* (C-274/14, EU:C:2020:17, mír 59 agus an cásdlí dá dtagraítear), agus an 16 Iúil 2020, *Governo della Repubblica italiana (Stádas giúistísí na hIodáile)*, (C-658/18, EU:C:2020:572, mír 48).

61. Ceapann an tAire Spóirt comhaltaí USK ar feadh téarma oifige in-athnuaite ceithre bliana.[59] Níor cheart go gcruthódh ceapachán a dhéanfaidh aire fadhb ann féin, ar choinníoll, tar éis an cheapacháin, nach mbeidh aon dílseacht ag comhaltaí don aire sin. Ní cosúil gurbh amhlaidh sa chás seo. De bhua ADBG, ní féidir le comhaltaí USK treoracha a ghlacadh ón rialtas, ó chomhlachtaí riaracháin frithdhópála (amhail NADA) nó ó rannpháirtithe i ngníomhaíochtaí spóirt. Ina theannta sin, níor mheas an Chúirt Bhreithiúnais, go dtí seo, nach bhfuil téarma oifige in-athnuaite ag luí le neamhspleáchas na mbreithiúna.

62. Sa chás seo, d'fhéadfadh tionchar indíreach a bheith ag an Aire ar nósanna imeachta breithneoireachta USK dá bhféadfadh sé nó sí na comhaltaí ábhartha a chur as oifig roimh am. Mar a mhínigh mé cheana, áfach, ní féidir comhaltaí USK a chur as oifig sula rachaidh a théarma nó a téarma oifige in éag toisc nach maith leis an Aire Spóirt iad nó go n-easaontaíonn sé nó sí lena dtuairimí. Faoi § 8(3) de ADBG, ní féidir iad a bhaint as oifig ach amháin ar "chúiseanna tromchúiseacha". Níl eolas ar bith i gcomhad an cháis maidir leis na cúiseanna a d'fhéadfaí a aicmiú mar chúiseanna "tromchúiseacha". Mar sin féin, nuair a bhítear ag plé raon feidhme chumhachtaí an Aire Spóirt le comhaltaí a bhriseadh as oifig faoi ADBG, mhínigh NADA, faoi dhlí na hOstaire, nach féidir ach beagán cúiseanna a aicmiú amhlaidh. Ina theannta sin, mhol an t-iarratasóir nach bhféadfaí ach cionta d'aon ghnó nó iad siúd gur féidir pianbhreith bliana ar a laghad a ghearradh ina dtaobh a aicmiú mar chionta "tromchúiseacha". Dá bhrí sin, is cosúil go bhfuil na páirtithe ar aon intinn nach féidir comhaltaí USK a chur as oifig ar thoil nó de rogha threallach an Aire Spóirt, nó aon chomhlachta eile.

63. Ní mór idirdhealú a dhéanamh idir an cineál cosanta sin i gcoinne briseadh as oifig treallach chomhaltaí USK agus staid chomhaltaí TEAC, a bhí i gceist sa bhreithiúnas in *Banco de Santander*. Bhí sé indéanta na comhaltaí sin a bhaint as oifig mar gheall ar an easpa rialacha sonracha a leagadh síos ina leith sin.[60] Léirigh easpa rialacha den sórt sin é féin, mar a thug an tAbhcóide Ginearálta Hogan faoi deara sa chás sin, nuair a cuireadh comhaltaí TEAC as oifig "ar chúiseanna a mheas Rialtas an lae a bheith fóirsteanach".[61]

64. Ar deireadh, is gá breithniú a dhéanamh freisin ar an gceist maidir leis an eolas ar cheart don Chúirt Bhreithiúnais brath air agus measúnú á dhéanamh aici ar neamhspleáchas an chomhlachta a dhéanann an tarchur. Dar liomsa, is féidir leis an gCúirt Bhreithiúnais brath ar an reachtaíocht a rialaíonn an comhlacht sin amháin. Mar sin féin, má ardaítear ábhair imní maidir le cleachtas cur i bhfeidhm reachtaíochta den sórt sin sna himeachtaí atá os a comhair, beidh sé riachtanach don Chúirt Bhreithiúnais measúnú níos dlúithe a dhéanamh ar na himthosca ábhartha. An méid sin ráite, sa chás seo níor ardaíodh aon imní den sórt sin. A mhalairt ar fad, deimhníodh nach ndeachaigh aon duine ar iontaoibh na cumhachta briseadh as oifig teoiriciúla dá bhforáiltear i § 8(3) de ADBG.[62]

65. Sa chás seo, measaim, dá bhrí sin, go sásaítear an critéar maidir le neamhspleáchas "seachtrach".

[59] § 8(3) de ADBG. Os a choinne sin, déantar comhaltaí ÖADR, mar an bhreithneoir chéadchéime i gcásanna frithdhópála, a cheapadh ag NADA. Féach § 7(3) de ADBG.

[60] Féach breithiúnas an 21 Eanáir 2020 (C-274/14, EU:C:2020:17, mír 66).

[61] Tuairim an Abhcóide Ghinearálta Hogan i gcás *Banco de Santander* (C-274/14, EU:C:2019:802, pointe 38).

[62] Féach, de réir analaí, breithiúnais an 13 Eanáir 2022, *Ministerstwo Sprawiedliwości* (C-55/20, EU:C:2022:6, mír 77), agus an 26 Eanáir 2023, *Construct* (C-403/21, EU:C:2023:47) (maidir leis an bhfíric nár baineadh úsáid riamh as cumhacht lena bhféadfaí comhalta de bhinse araíonachta a bhriseadh as oifig mar chritéar lena chur san áireamh nuair a mheastar an dóchúlacht go mbainfeadh an chumhacht sin an bonn de neamhspleáchas "seachtrach" comhlachta a dhéanann tarchur).

66. Tugann sé sin mé chuig an dara gné den chritéar neamhspleáchais, an ghné "inmheánach". Tá an ceanglas sin nasctha le neamhchlaontacht an chomhlachta a dhéanann an tarchur.[63] Ceanglaítear leis go ngníomhóidh comhlacht den sórt sin mar thríú páirtí atá neamhspleách sna himeachtaí os a chomhair.[64]

67. I mbeagán focal, ní mór nach mbeidh aon leas ag na comhaltaí breithnithe i dtoradh na díospóide. Ciallaíonn sé sin, ar an gcéad dul síos, nach féidir le daoine a bhfuil baint acu le páirtithe na díospóide suí mar chomhaltaí den chomhlacht breithnithe. Chun measúnú a dhéanamh ar an ngné sin den neamhspleáchas, tá sé tábhachtach scrúdú a dhéanamh ar na rialacha is infheidhme maidir le heagrú na "cúirte nó an bhinse", agus a fháil amach an bhfuil nasc feidhmiúil ann idir an comhlacht réitigh díospóide agus an t-údarás a bhfuil athbhreithniú á dhéanamh aige ar a chinntí.[65] Is é sin le rá, ní mór don Chúirt Bhreithiúnais a mheas an bhfuil róil an chomhlachta atá i gceist agus ról an t-údarás éagsúil óna chéile go soiléir, nó an bhfuil siad comhcheangailte. Sa chás deiridh sin, meastar nach bhfuil an comhlacht atá i gceist "neamhspleách a dhóthain" ón údarás.[66]

68. I ndáil leis sin, tugann an Coimisiún le fios go bhfuil USK ina chuid den struchtúr institiúideach céanna le NADA agus ÖADR. Go sonrach, míníonn sé go luaitear i § 8(1) de ADBG go bhfuil USK "bunaithe ag" NADA. Dá bhrí sin, is é an argóint ná go seasann USK i mbreithiúnas ar an institiúid féin lena mbaineann sé ó thaobh na heagraíochta de.

69. I bhfianaise an eolais sa cháschomhad, ní dóigh liom go bhfuil údar leis na hagóidí sin. Léirítear i gcásdlí na Cúirte Breithiúnais nach leor ach naisc *institiúideacha* amháin, gan eilimintí breise, chun an bonn a bhaint de neamhspleáchas an chomhlachta a dhéanann an tarchur le haghaidh réamhrialú. Dá bhrí sin, mar shampla, sa bhreithiúnas in *MT Højgaard agus Züblin*,[67] dhiúltaigh an Chúirt Bhreithiúnais don argóint nach raibh an Klagenævnet for Udbud (Bord um Ghearáin maidir le Soláthar Poiblí, an Danmhairg) neamhspleách toisc gur roinn sé rúnaíocht le hAireacht na Danmhairge um Ghnó agus Fás Eacnamaíoch. Ar an gcaoi chéanna, sa bhreithiúnas in *Dorsch Consult*, in ainneoin agóidí an Choimisiúin gur aithníodh go raibh an bord maoirseachta lena mbaineann "nasctha le struchtúr eagraíochtúil an Bundeskartellamt [(an Oifig Chónaidhmeach Cairtéil, an Ghearmáin)]',[68] mhínigh an Chúirt Bhreithiúnais "go ndéanann an bord maoirseachta a chúram go neamhspleách faoina fhreagracht féin".[69]

70. Sa chás seo, ní dóigh liom go nochtar leis an gcáschomhad nó le barúlacha na bpáirtithe aon léiriú ar idirnascadh feidhmiúil idir USK agus NADA, ÖADR, Rialtas na hOstaire, nó cónaidhm spóirt ar bith.

63 Féach mar shampla, breithiúnas an 5 Samhain 2019, *an Coimisiún* v *an Pholainn (Neamhspleáchas na ngnáthchúirteanna)* (C-192/18, EU:C:2019:924, mír 110 agus an cásdlí dá dtagraítear).

64 Féach, mar shampla, breithiúnas an 3 Bealtaine 2022, *CityRail* (C-453/20, EU:C:2022:341, míreanna 52 agus 64 go 69 agus an cásdlí dá dtagraítear) (cás a bhaineann le húdarás riaracháin a d'fhéadfadh, trí chumhachtaí athbhreithnithe *ex officio* a fheidhmiú, "achomharc" a dhéanamh leis féin agus, ar an gcaoi sin, athbhreithniú a dhéanamh ar chinntí riaracháin arna nglacadh ag an gcomhlacht rialála náisiúnta don earnáil iarnróid).

65 Féach, chuige sin, breithiúnas an 21 Eanáir 2020, *Banco de Santander* (C-274/14, EU:C:2020:17, mír 61 et seq. agus an cásdlí dá dtagraítear).

66 Féach, mar shampla, breithiúnas an 31 Bealtaine 2005, *Syfait agus páirtithe eile* (C-53/03, EU:C:2005:333, míreanna 31 go 37), nó breithiúnas an 30 Bealtaine 2002, *Schmid* (C-516/99, EU:C:2002:313, míreanna 34 go 38).

67 Féach breithiúnas an 24 Bealtaine 2016 (C-396/14, EU:C:2016:347).

68 Féach breithiúnas an 17 Meán Fómhair 1997 (C-54/96, EU:C:1997:413, mír 34).

69 Féach breithiúnas an 17 Meán Fómhair 1997 (C-54/96, EU:C:1997:413, mír 35).

71. Go deimhin, mar a mhínigh mé i bpointe 27 den Tuairim seo, gníomhaíonn USK go neamhspleách ar NADA agus ar ÖADR. Mar a dheimhnigh NADA ag an éisteacht, níl aon chumhacht ag USK athbhreithniú a dhéanamh *ex officio* ar chinntí ÖADR. I gcodarsnacht leis an mbreithiúnas i gcás *Banco de Santander*, níl aon fhianaise ann ach an oiread go suíonn comhaltaí NADA nó na n-eagraíochtaí spóirt i mbreithiúnas ar imeachtaí ina ngníomhaíonn siad mar pháirtithe.[70] Ná níor líomhnaíodh ach oiread go bhféadfadh na comhlachtaí sin tionchar a imirt ar fheidhmiú na n-imeachtaí os comhair USK ar bhealach ar bith eile.

72. Sa chás seo, measaim, dá bhrí sin, go bhfuil an critéar neamhspleáchais "inmheánach" sásaithe chomh maith.

73. Ar deireadh, ní mór dom freagra a thabhairt ar an imní dheireanach a d'ardaigh an Coimisiún, maidir le comhdhéanamh USK, ina n-áirítear freisin – seachas gairmithe dlí – saineolaithe i réimsí gaolmhara eile (ceimic, tocsaineolaíocht agus leigheas spóirt). Ghlac an Chúirt Bhreithiúnais cheana le tarchuir ó chomhlachtaí atá comhdhéanta go páirteach de shaineolaithe ina réimse ábhartha,[71] fad is a chomhlíonann siad a ndualgas go huathrialach.[72] Níl sé ráite os comhair na Cúirte Breithiúnais ag aon cheann de na rannpháirtithe sna himeachtaí seo go bhféadfadh comhaltaí USK nach dlíodóirí iad a bheith faoi réir treoracha seachtracha nó páirteach ina gcinnteoireacht. Dá bhrí sin, ní fheicim go gcruthaíonn comhdhéanamh measctha an USK aon imní a bhaineann le neamhspleáchas an chomhlachta sin, ann féin.[73]

6. USK mar "chúirt nó binse" na céime deiridh

74. Sula gcuirim deireadh leis an anailís ar cheist inghlacthachta an tarchuir reatha, ba mhaith liom a mholadh, in imthosca an cháis seo, nach amháin gur "cúirt nó binse" é USK, ach gur "cúirt nó binse" é nach bhfuil aon leigheasanna dlíthiúla ann in aghaidh a gcinntí, agus, dá bhrí sin, i gcomhréir leis an tríú mír d'Airteagal 267 CFAE, nach amháin go bhfuil sé de chumhacht aige tagairt a dhéanamh don Chúirt Bhreithiúnais, ach go bhfuil sé d'oibleagáid air tagairt a dhéanamh don Chúirt Bhreithiúnais fiú.

75. Mar a mhínigh mé i bpointí 33 agus 34 den Tuairim seo, féadfar achomharc a dhéanamh os comhair chúirteanna sibhialta na hOstaire i gcoinne roinnt saincheisteanna a bhfuil cinneadh déanta ag USK ina dtaobh. Mar sin féin, dealraíonn sé *nach bhfuil* cúirteanna sibhialta na hOstaire *inniúil* chun ceisteanna dlí a éisteacht a bhaineann le rialacha cosanta sonraí a shárú, lena n-áirítear RGCS agus dlí na hOstaire maidir le cosaint sonraí. Glacaim leis gurb é seo freisin a bhí i gceist ag an iarratasóir nuair a dhearbhaigh sí nach bhfuil foilsiú a sonraí faoi réir athbhreithniú breithiúnach ag na cúirteanna sibhialta inniúla.

76. Os a choinne sin, ní féidir le cinneadh de chuid USK a bheith ina ábhar achomhairc os comhair cúirte riaracháin ach an oiread. Mhínigh NADA ag an éisteacht gurb é an Bundesverwaltungsgericht (an Chúirt Chónaidhme Riaracháin, an Ostair) atá inniúil de ghnáth

70 Féach breithiúnas an 21 Eanáir 2020 (C-274/14, EU:C:2020:17, míreanna 67 agus 77).

71 Féach, mar shampla, breithiúnais an 6 Deireadh Fómhair 1981, *Broekmeulen* (246/80, EU:C:1981:218, mír 9) (cás ina raibh an comhlacht lena mbaineann comhdhéanta go páirteach de dhochtúirí), agus an 24 Bealtaine 2016, *MT Højgaard agus Züblin* (C-396/14, EU:C:2016:347, míreanna 27 go 29) (cás ina raibh an comhlacht lena mbaineann comhdhéanta go páirteach de ghnáth dhaoine agus de bhreithiúna).

72 Féach, mar shampla, breithiúnas an 24 Bealtaine 2016, *MT Højgaard agus Züblin* (C-396/14, EU:C:2016:347, mír 27), agus an 16 Iúil 2020, *Governo della Repubblica italiana (Stádas giúistísí na hIodáile)* (C-658/18, EU:C:2020:572, mír 55).

73 Féach, chuige sin freisin, Tuairim an Abhcóide Ghinearálta Bobek i gcás *Ministerstwo Sprawiedliwości* (C-55/20, EU:C:2021:500, pointí 58 agus 59).

chun éisteacht le hachomhairc i gcoinne údaráis phoiblí a bhaineann le cúrsaí cosanta sonraí. Dealraíonn sé, áfach, nach bhforáiltear le ADBG go bhféadfaí achomharc a thaisceadh os comhair na cúirte sin i gcoinne cinneadh de chuid USK.

77. Más é sin, go deimhin, staid dhlí na hOstaire, is é USK an t-aon chomhlacht breithiúnach agus críochnaitheach a bhféadfaí an cheist maidir le comhoiriúnacht le RGCS foilsiú chinntí ÖADR nó USK ar shuíomh gréasáin NADA a ardú. Chiallódh sé sin gurb ionann an tarchur seo le haghaidh réamhrialú ó USK agus an t-aon fhéidearthacht chun léiriú aonfhoirmeach ar RGCS a chosaint i gcomhthéacs imeachtaí frithdhópála san Ostair. Dá réir sin, i ndáil leis an tsaincheist dhlíthiúil sin, bheadh USK ag tabhairt faoi chúram "[c]úirt nó binse de chuid Ballstáit [...] nach bhfuil leigheas breithiúnach faoin dlí náisiúnta in aghaidh chinntí na cúirte nó an bhinse sin", de réir bhrí an tríú mír d'Airteagal 267 CFAE.

78. Ní féidir leis an gcaingean chomhuaineach arna tabhairt ag an iarratasóir (chomh maith le roinnt iar-lúthchleasaithe eile), ar dtús os comhair Údarás um Chosaint Sonraí na hOstaire agus anois os comhair an Bundesverwaltungsgericht (an Chúirt Riaracháin Cónaidhme) úsáideacht na treorach a fhéadfaidh an Chúirt Bhreithiúnais a chur ar fáil sa chás seo a chur ar ceal.[74] Tá an chaingean chomhuaineach sin bunaithe ar achomharc a taisceadh i gcoinne an chinnidh lena ndiúltaítear gearán leis an údarás náisiúnta maoirseachta inniúil, de réir bhrí Airteagail 77 agus 78 de RGCS. Mar sin féin, is é an rud atá á lorg ag an iarratasóir tríd an tarchur seo ná "leigheas breithiúnach [...] i gcoinne rialaitheoir nó próiseálaí", de réir bhrí Airteagal 79 de RGCS. Mar a mhínigh an Chúirt Bhreithiúnais le déanaí ina breithiúnas in *Nemzeti Adatvédelmi és Információszabadság Hatóság*, ní mór na leigheasanna dá bhforáiltear in Airteagail 77, 78 agus 79 de RGCS a bheith in ann "feidhmiú i gcomhthráth le chéile agus go neamhspleách ar a chéile", agus é ag titim ar chórais náisiúnta na mBallstát chun a áirithiú nach n-eascróidh aon neamhréireacht as an iarratas comhthráthach sin.[75] Go beacht toisc go ndéantar foráil sa RGCS féin maidir leis an bhféidearthacht sin maidir le dúbailteacht nósanna imeachta, agus go ndealraíonn sé gur cuireadh chun feidhme é mar sin i ndlí na hOstaire,[76] ní hionann an cás atá ann faoi láthair agus cásanna inar mheas an Chúirt Bhreithiúnais nach bhféadfadh ach rian amháin a bheith ar oscailt maidir le cosaint bhreithiúnach a iarraidh ar chearta dhlí an Aontais.[77] Is é sin le rá, ní féidir gearán os comhair Údarás um Chosaint Sonraí na hOstaire a chur in ionad fhorfheidhmiú díreach chearta RGCS an iarratasóra os comhair na gcúirteanna náisiúnta inniúla.

79. Is cosúil go bhfuil rogha déanta ag reachtas na hOstaire USK a bhunú mar an t-aon "cúirt nó binse" atá inniúil chun éisteacht le héilimh a ardaíodh i ndíospóidí frithdhópála maidir leis na sáruithe líomhnaithe ar chearta faoi RGCS. Ní dhealraíonn sé go bhfuil dlínse den sórt sin ag aon dlínse eile. Mar gheall ar neamhspleáchas nós imeachta atá ann chun a chóras breithiúnach a eagrú, is cinnte gur féidir leis an reachtas náisiúnta é sin a dhéanamh. Dá bhrí sin, chun filleadh ar m'argóint gur cheart ceanglais an neamhspleáchais a bheith mar an gcéanna i gcomhthéacs Airteagal 267 CFAE agus Airteagal 19 CAE, lena gceadaítear do USK caighdeán neamhspleáchais

74 Mar is léir ón gcáschomhad náisiúnta, tá an cás sin cláraithe leis an uimhir thagartha W108 2250401-1/10Z, agus chuir an Bundesverwaltungsgericht (an Chúirt Riaracháin Chónaidhme) ar fionraí é go dtí go raibh na himeachtaí sa chás seo críochnaithe.

75 Féach breithiúnas an 12 Eanáir 2023 (C-132/21, EU:C:2023:2, mír 57).

76 Tá tacaíocht ann sa scoláireacht ar an ábhar sin don chonchlúid seo; féach, Bresich, R., Dopplinger, L., Dörnhöfer, S., Kunnert, G. agus Riedl, E., *Datenschutzgesetz – Kommentar*, Linde Verlag, 2018, lch. 201; agus Schwamberger, S., i Jahnel, D. (eagarthóir), *Jahrbuch 19 Datenschutzrecht*, Neuer Wissenschaftlicher Verlag, 2019, lch. 267 le tagairtí don dlí náisiúnta.

77 Féach, de réir analaí, maidir le Treoir 2001/14/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2001 maidir le toilleadh bonneagair iarnróid a leithdháileadh agus maidir le muirir a ghearradh i leith úsáid bonneagair iarnróid agus deimhniúchán sábháilteachta (IO 2001 L 75, lch. 29), breithiúnais an 9 Samhain 2017, *CTL Logistics* (C-489/15, EU:C:2017:834, mír 87), agus an 27 Deireadh Fómhair 2022, *DB Station & Service* (C-721/20, EU:C:2022:832, míreanna 60, 80 agus 81) (lena mínítear, sula ndéantar aon ghníomhaíocht bhreithiúnach, nach mór díospóidí a bhaineann le muirir iarnróid a chur faoi bhráid an chomhlachta rialála arna bhunú de bhun Threoir 2001/14).

níos ísle a bhaint amach chun críche an tsaincheist inghlacthachta a chinneadh sa chás seo, ní bheadh sé i gcomhréir le rogha reachtas na hOstaire an comhlacht sin a chur isteach ina struchtúr breithiúnach.

7. Conclúid idirlinne

80. Ar na cúiseanna thuasluaite, measaim go sásaíonn USK na coinníollacha maidir le "cúirt nó binse" faoi Airteagal 267 CFAE. Dá bhrí sin, ba cheart a mheas go bhfuil an tarchur inghlactha.

IV. Substaint an cháis

81. Sa chás seo, déanann an t-iarratasóir, ar bhonn RGCS, agóid in aghaidh oibríocht phróiseála, lenar cuireadh a hainm, mar aon le, *inter alia*, a cuid gníomhaíochtaí de shárú ar an riail frithdhópála agus an fhionraí a gearradh uirthi mar gheall ar sin, ar chuid de shuíomh gréasáin NADA a bhfuil rochtain ag an bpobal uirthi, i bhfoirm iontrála i dtábla daoine a sháraíonn na rialacha frithdhópála ("an oibríocht phróiseála atá i gceist").

82. Mar a soiléiríodh ag an éisteacht, ní bhaineann a cás leis an dá oibríocht phróiseála choimhdeacha agus nasctha (i) na sonraí pearsanta céanna a nochtadh ar shuíomh gréasáin an NADA a bhfuil rochtain ag an bpobal air i bhfoirm preaseisiúint nó (ii) an phreaseisiúint sin a dháileadh trí ríomhphost chuig liosta dáileacháin atá dúnta, ach ar cosúil go bhfuil rochtain ar an liosta dáileacháin sin gan bhac.

A. Infheidhmeacht RGCS maidir le himthosca an cháis seo

83. Tá na gníomhaíochtaí a bhfuil agóid déanta ag an iarratasóir ina leith ag teacht leis an gcur síos ar na gníomhaíochtaí lena mbaineann RGCS: is iad (i) *próiseáil* (ii) *sonraí pearsanta*, (iii) a dhéantar go hiomlán nó go páirteach *ar bhealach uathoibrithe*.[78] Ar an gcéad dul síos, is ionann nochtadh sonraí pearsanta ar líne agus "próiseáil".[79] Ar an dara dul síos, baineann an oibríocht phróiseála atá i gceist úsáid as "sonraí pearsanta": i ndeireadh na dála, is é ainm an iarratasóra is ábhar do nochtadh NADA don phobal, mar aon leis an bpionós a gearradh uirthi agus na gníomhartha a sháraíonn na rialacha frithdhópála lena mbaineann.[80] Sa tríú háit, nuair a uaslódáiltear iad ar shuíomh gréasáin NADA, téann sonraí pearsanta an iarratasóra trí fhreastalaí. Is ionann an cur chuige sin agus próiseáil "ar bhealach uathoibrithe".[81]

84. An bhfuil feidhm ag RGCS, áfach, maidir leis na hoibríochtaí próiseála sin in imthosca an cháis seo?

85. Glacadh leis an RGCS ar bhonn Airteagal 16(2) CFAE, an bunús dlí lena dtugtar de chumhacht do reachtóir an Aontais Eorpaigh rialáil a dhéanamh ar phróiseáil sonraí pearsanta ag na Ballstáit "agus iad i mbun gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme dhlí an Aontais".

78 Airteagal 2(1) de RGCS.

79 Féach, mar shampla, breithiúnais an 6 Samhain 2003, *Lindqvist* (C-101/01, EU:C:2003:596, mír 25), agus an 13 Bealtaine 2014, *Google Spain agus Google* (C-131/12, EU:C:2014:317, mír 26) (ag dearbhú gurb ionann sonraí pearsanta a lódáiltear leathanach idirlín agus próiseáil).

80 Is féidir an fhaisnéis sin a úsáid chun an t-iarratasóir a shainaithint mar dhuine a bhfuil gníomh déanta aici a sháraigh na rialacha agus ar an gcaoi sin gur faisnéis atá ann "a bhaineann le duine nádúrtha saineathanta nó in-sainaitheanta", de réir bhrí Airteagal 4(1) de RGCS.

81 Féach, mar shampla, breithiúnas an 6 Samhain 2003, *Lindqvist* (C-101/01, EU:C:2003:596, mír 26).

Léirítear an teorainn chéanna le hinniúlacht an Aontais in Airteagal 2(2)(a) de RGCS, lena n-eisiatar cur i bhfeidhm RGCS maidir le próiseáil sonraí pearsanta le linn gníomhaíocht nach dtagann faoi raon feidhme dhlí an Aontais.

86. Mhol an Abhcóide Ginearálta Szpunar gur cheart go rachadh "raon feidhme dhlí an Aontais" dá dtagraítear in Airteagal 16(2) CFAE thar na cásanna lena ndéantar "dlí an Aontais Eorpaigh a chur chun feidhme" de réir bhrí Airteagal 51(1) den Chairt.[82] Aontaím. Tá sé go díreach toisc nach bhfuil sé i gceist leis an gCairt raon feidhme inniúlachtaí an Aontais a mhéadú gur áiríodh i dtéacs an Chonartha inniúlacht shainráite chun príobháideachas agus cosaint sonraí a rialáil. Mar sin féin, níor thug an cuimsiú sin inniúlacht ghinearálta don Aontas próiseáil sonraí a rialáil sna Ballstáit. Tugadh de chumhacht don Aontas gníomhaíochtaí na mBallstát a rialáil *laistigh de raon feidhme dhlí an Aontais amháin*. Ní mór brí éigin a thabhairt don teorainn sin d'inniúlachtaí an Aontais a chuirtear in iúl sa Chonradh agus sa RGCS féin. Dar liomsa, mura féidir gníomhaíocht próiseála sonraí i mBallstát a chur i nasc (fiú go scaoilte) le réimse atá clúdaithe ag dlí an Aontais, níl feidhm ag RGCS.

87. Maidir le próiseáil sonraí pearsanta chun críche reachtaíocht frithdhópála Ballstáit a chur chun feidhme, ní gníomhaíocht í, dar liom, a fhágann, mar atá i ndlí an Aontais faoi láthair, go bhfuil gníomhaíocht próiseála laistigh de raon feidhme an dlí sin.

88. Níl sé d'inniúlacht ag an Aontas Eorpach spórt a rialáil. Níor tháinig athrú air sin nuair a tugadh isteach foráil maidir le tacaíocht a thabhairt do chumas sa spórt le hAirteagal 165 CFAE.[83] Mar sin féin, mheas an Chúirt Bhreithiúnais go bhfuil feidhm ag dlí an Aontais maidir leis an spórt nuair a thuigtear gur gníomhaíocht eacnamaíoch é.[84] Sna cásanna ábhartha go léir, tá feidhm ag dlí príomha an Aontais maidir le srianta póilíneachta ar ghluaiseachtaí trasteorann nó ar iomaíocht sa mhargadh inmheánach.[85] Is fíor gur féidir léiriú a dhéanamh ar rialacha náisiúnta frithdhópála mar bhac ar shaorghluaiseacht. Mar sin féin, ní bhaineann an cás seo le cás den sórt sin.

89. Go príomha rialaítear le rialacha frithdhópála an spórt mar spórt. Baineann siad le feidhmeanna sóisialta agus oideachais spóirt, seachas leis na gnéithe eacnamaíocha a bhaineann le spórt, fiú dá bhféadfadh an chéad cheann tionchar a imirt ar an dara ceann. Mar sin féin, fiú mura bhfuil inniúlacht rialála ag an Aontas Eorpach sa spórt, d'fhéadfadh sé rialacha náisiúnta frithdhópála a chomhchuibhiú go teoiriciúil, má tá údar cuí leis sin de réir mar is gá chun deireadh a chur le bacainní ar ghluaiseachtaí trasteorann. Mar atá an dlí faoi láthair, áfach, níl aon rialacha de chuid an Aontais ann a bhaineann, fiú go hindíreach, le beartais frithdhópála na mBallstát.

90. I gcás den sórt sin, is deacair liom an nasc is gá le dlí an Aontais a bhunú chun imthosca an cháis seo a mheas mar ghníomhaíocht Ballstáit a thagann faoi raon feidhme dhlí an Aontais. Táim den tuairim, dá bhrí sin, nach bhfuil feidhm ag RGCS sa chás seo.

82 Tuairim an Abhcóide Ghinearálta Szpunar in *WK* (C-33/22, EU:C:2023:397, pointe 78).

83 Maidir le ról Airteagal 165 CFAE, féach Tuairim an Abhcóide Ghinearálta Szpunar in *Royal Antwerp Football Club* (C-680/21, EU:C:2023:188, pointí 48 go 55).

84 Féach, chuige sin, Weatherill, S., "Saving Football from Itself: Why and How to Re-make EU Sports Law", *Cambridge Yearbook of European Legal Studies*, Imleabhar 24, 2022, lgh. 8 agus 9.

85 Breithiúnais an 15 Nollaig 1995, *Bosman* (C-415/93, EU:C:1995:463, mír 73 et seq.); an 18 Iúil 2006, *Meca-Medina agus Majcen* v *an Coimisiún* (C-519/04 P, EU:C:2006:492, mír 22 et seq.); an 1 Iúil 2008, *MOTOE* (C-49/07, EU:C:2008:376, míreanna 20 go 26); an 16 Márta 2010, *Olympique Lyonnais* (C-325/08, EU:C:2010:143, mír 27 et seq.); agus an 13 Meitheamh 2019, *TopFit agus Biffi* (C-22/18, EU:C:2019:497, mír 27 et seq.) chomh maith le Tuairimí an Abhcóide Ghinearálta Rantos in *International Skating Union* v *an Coimisiún* (C-124/21 P, EU:C:2022:988, pointí 36 go 43); an Abhcóide Ginearálta Rantos in *European Superleague Company*, C-333/21, ECLI:EU:C:2022:993, pointí 39 go 42; agus Abhcóide Ginearálta Szpunar in *Royal Antwerp Football Club* (C-680/21, EU:C:2023:188, pointí 34 go 36).

91. Sa chás go measann an Chúirt Bhreithiúnais go bhfuil feidhm ag RGCS mar sin féin, tabharfaidh mé faoi léiriú a dhénamh ar fhorálacha RGCS mar a d'iarr USK.

92. Go bunúsach, tá an comhlacht a rinne an tarchur ag fiafraí an méid seo a leanas: ar an gcéad dul síos, cé acu an bhfuil nó nach bhfuil dlí na hOstaire (ADBG), lena gceanglaítear go ndéanfaí cinntí lena gcinntear gur sáraíodh na rialacha frithdhópála a chur ar fáil don phobal i gcoitinne, gan aon athbhreithniú aonair a dhéanamh ar chomhréireacht a leithéid sa mhéid a bhaineann sé le lúthchleasaithe gairmiúla, i gcomhréir le RGCS; agus, ar an dara dul síos, an bhfuil gá le rogha NADA an oibleagáid sin maidir le foilsiú a chur chun feidhme trí shonraí a chur ar na codanna dá shuíomh gréasáin atá ar fáil go poiblí.

93. Ar an gcúis sin, ardaíonn an comhlacht a rinne an tarchur roinnt ceisteanna maidir le léiriú ar RGCS. Measaim gurb iad Ceisteanna 2 agus 3, ceisteanna ar cheart déileáil leo le chéile, na ceisteanna is tábhachtaí agus is casta. Dá bhrí sin, déileálfaidh mé leis na ceisteanna eile ar dtús, sula gceapfaidh mé na saincheisteanna dlíthiúlachta agus comhréireachta a d'ardaigh USK.

B. Ceist 1

94. Lena chéad cheist, is mian le USK, go bunúsach, a fháil amach an ionann faisnéis a fhoilsiú go ndearna duine áirithe sárú dópála ar leith agus "sonraí a bhaineann le sláinte", de réir bhrí Airteagal 9 de RGCS.

95. I mo thuairim, is féidir teacht ar fhreagra na ceiste sin ón sainmhíniú ar "shonraí a bhaineann le sláinte" agus ó chásdlí na Cúirte Breithiúnais araon.

96. Mar a shainmhínítear in Airteagal 4(15) RGCS, "ciallaíonn 'sonraí a bhaineann leis an tsláinte' sonraí pearsanta a bhaineann le sláinte fhisiciúil nó mheabhrach duine nádúrtha, lena n-áirítear soláthar seirbhísí cúraim sláinte, lena nochtar faisnéis faoina stádas sláinte."

97. Tugann na páirtithe uile dá n-aire, cé is moite den iarratasóir, go bhfuil dhá ghné sa sainmhíniú sin. Is é an chéad ghné an ceanglas go mbeadh baint ag na sonraí pearsanta atá i gceist le *sláinte* fhisiciúil nó mheabhrach duine nádúrtha. Is é an dara gné ná go nochtann na sonraí sin faisnéis faoi *stádas sláinte* an duine nádúrtha. Is é sin le rá, ní mór do na sonraí pearsanta atá i gceist a bheith nasctha ar bhealach éigin le sláinte an duine is ábhar do na sonraí (rud a chiallaíonn nasc scaoilte dá bhrí sin), ach ní mór go gceadófaí freisin tátail a bhaint as an bhfaisnéis sin maidir le stádas sláinte an duine is ábhar do na sonraí (agus ar an gcaoi sin gné phearsantaithe den fhaisnéis lena mbaineann a thabhairt le tuiscint).

98. Sa chás seo, níl mé cinnte de go sásaítear an critéar deireanach sin, ag feidhmiú mar eilimint oibríochtúil i ndáil le stádas sláinte suibiachtúil an ábhair sonraí atá i gceist.

99. Go deimhin, ní deirtear aon rud leis an gcinneadh gur bhain an t-iarratasóir úsáid as substaintí toirmiscthe áirithe nó go raibh substaintí toirmiscthe áirithe ina seilbh ag an iarratasóir faoina stádas sláinte coirp nó meabhraí. Mar an gcéanna leis an dóigh nach léiríonn ól alcóil rud ar bith faoi cé acu an bhfuil nó nach bhfuil duine ag fulaingt ó spleáchas ar alcól, ní léiríonn úsáid nó seilbh an iarratasóra ar na substaintí atá i gceist sa chás seo aon nasc *loighciúil* nó *soiléir* maidir lena sláinte fhisiciúil nó mheabhrach.

100. Ní dóigh liom ach oiread go bhféadfaí teacht ar chonclúid dhifriúil ó aithris 35 de RGCS.[86] Lena chéad abairt, soiléirítear, go bunúsach, nach bhfuil "dáta ar fearr roimhe" ag baint le "sonraí a bhaineann leis an tsláinte". Liostaítear ina dhara habairt ansin an fhaisnéis a d'fhéadfadh a bheith mar chuid den choincheap sin, gan aon léiriú a thabhairt áfach gur cheart raon feidhme Airteagal 4(15) de RGCS a léamh ar bhealach éagsúil.

101. Cé gur fíor ar ndóigh gur chinn an Chúirt Bhreithiúnais sa bhreithiúnas in *Lindqvist* nach mór léiriú leathan a thabhairt ar an gcoincheap "sonraí a bhaineann leis an tsláinte",[87] rinneadh an léirmhíniú sin i gcomhthéacs na Treorach um Chosaint Sonraí,[88] an reachtaíocht a bhí i bhfeidhm roimh RGCS, Treoir nach raibh sainmhíniú ar leith inti ar an gcoincheap "sonraí a bhaineann leis an tsláinte". Ní raibh ceanglas i léiriú na Cúirte Breithiúnais ach oiread go ndéanfar nasc idir na sonraí atá i gceist agus *stádas sláinte* an ábhair sonraí. Dá réir sin, cé go bhféadfadh an breithiúnas in *Lindqvist* roinnt treorach a chur ar fáil maidir le léiriú a dhéanamh ar an téarma, is cinnte nach féidir leis sárú a dhéanamh ar an bhforáil reachtach sonrach atá curtha isteach ag reachtóir an Aontais lena nasctar sonraí sláinte an duine is ábhar do na sonraí lena stádas sláinte.[89]

102. Ar deireadh, mar fhreagra ar Cheist 1, molaim go rialóidh an Chúirt Bhreithiúnais maidir leis an bhfaisnéis go bhfuil sárú déanta ag lúthchleasaí gairmiúil ar riail frithdhópála a bhaineann le substaint toirmiscthe nó modh toirmiscthe a úsáid nó féachaint lena húsáid nó a shealbhú, ní hionann an fhaisnéis sin ann féin agus "sonraí a bhaineann leis an tsláinte", de réir bhrí Airteagal 9 RGCS.

C. Ceist 4

103. Lena cheathrú ceist, fiafraíonn USK go bunúsach an ionann nochtadh poiblí ainm an iarratasóra, an sárú ar na rialacha frithdhópála lena mbaineann agus an pionós a fhorchuirtear uirthi agus próiseáil "sonraí pearsanta a bhaineann le ciontuithe coiriúla nó coireanna" de réir bhrí Airteagal 10 RGCS.

104. Tá NADA, WADA agus Rialtais na Beilge, na Fraince agus na Polainne i gcoinne aicmiú na bpionós a forchuireadh ar an iarratasóir mar phionóis "coiriúla". Ar an mbonn sin, tá siad den tuairim nach bhfuil feidhm ag Airteagal 10 RGCS maidir le himthosca an cháis seo.

105. Maíonn an t-iarratasóir, Rialtas na Laitvia agus an Coimisiún a mhalairt, áfach. Braitheann a gcás go bunúsach ar an argóint go bhfuil tionchar suntasach pearsanta ag an toirmeasc dópála a fhorchuirtear ar an iarratasóir. Dar leo, ní hamháin go mbaineann iarmhairtí airgeadais agus toirmeasc gairmiúil atá sách suntasach leis an bpionós, ach bíonn iarmhairtí indíreacha ag baint

86 Is mar seo a leanas a léitear an chuid ábhartha den aithris sin: "Ba cheart a áireamh ar shonraí pearsanta a bhaineann leis an tsláinte na sonraí uile i ndáil le stádas sláinte ábhair sonraí, ar sonraí iad lena nochtar faisnéis a bhaineann le stádas sláinte coirp nó meabhraí an duine is ábhar de na sonraí, mar atá ag an am, mar a bhí nó mar a bheidh. Áirítear ar an méid sin … faisnéis a fhaightear de bharr tástáil nó scrúdú a dhéanamh ar chuid den chorp nó ar shubstaint de chuid an choirp, lena n-áirítear de bharr sonraí géiniteacha agus samplaí bitheolaíocha; […]."

87 Féach breithiúnas an 6 Samhain 2003 (C-101/01, EU:C:2003:596, mír 50).

88 Treoir 95/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 1995 maidir le daoine aonair a chosaint i dtaca le próiseáil sonraí pearsanta agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin (IO 1995 L 281, lch. 31) ("an Treoir um Chosaint Sonraí").

89 Foráil a dréachtaíodh ar dtús ar bhealach níos sriantaí fós ná mar atá sa leagan deiridh den téacs. Féach, i ndáil leis sin, Comhairle an Aontais Eorpaigh, an Mheitheal um Chosaint Sonraí agus um Malartú Faisnéise, "General Data Protection Regulation – Revised draft of Chapters I and II (doc 6828/13, 26 Feabhra 2013, lch. 10) (áit ina raibh moladh maidir le dréachtú ina ndearnadh iarracht riachtanas a shocrú go dtabharfar leis na sonraí sláinte lena mbaineann "faisnéis a nochtadh faoi fhadhbanna suntasacha sláinte, cóireálacha agus coinníollacha íogaire a bhaineann le… duine aonair") [Aistriúchán neamhoifigiúil].

leis freisin a eascraíonn as an gceap magaidh a ndéantar aisti agus as an stiogmatú atá ina dhlúthchuid d'fhoilsiú (neamhshrianta) ainm an iarratasóra, mar aon leis na gníomhartha a sháraíonn na rialacha frithdhópála agus an pionós a forchuireadh uirthi. Is é an meascán sin a dhéanfadh an pionós lena mbaineann sa chás seo "coiriúil". Ar an mbonn sin, áitíonn an t-iarratasóir, dá bhrí sin, go mbeadh ÖADR ina "údarás oifigiúil" de réir bhrí Airteagal 10 RGCS.

106. Aontaím leis an iarratasóir, le Rialtas na Laitvia agus leis an gCoimisiún, sa chás seo, gur de chineál coiriúil é an pionós a fhorchuirtear mar gheall ar shárú na rialacha frithdhópála atá i gceist de réir bhrí Airteagal 10 RGCS.

107. Is léir go bhfuil léiriú neamhspléach ag teastáil chun go ndéanfar léiriú ar cheachtar den dá choincheap "coiriúla" in Airteagal 10 RGCS ("ciontuithe coiriúla" agus "coireanna").[90] Ina theannta sin, ós rud é go bhfuil an bonn sanasaíoch céanna ag an dá choincheap sa Bhéarla (a fuarthas san fhocal Laidine déanaí "*criminalis*"), agus ós rud é go ndearna reachtóir an Aontais iarracht an chosaint fheabhsaithe in Airteagal 10 RGCS a theorannú don réimse coiriúil amháin,[91] tá infheidhmeacht na forála sin bunaithe go bunúsach ar cibé an pionós coiriúil nó nach pionós coiriúil é an pionós ábhartha a fhorchuirtear é an pionós ábhartha a fhorchuirtear.[92]

108. Chun a chinneadh an pionós coiriúil é pionós, measann an Chúirt Bhreithiúnais trí chritéar: ar an gcéad dul síos, aicmiú dlíthiúil an chiona faoin dlí náisiúnta; ar an dara dul síos, nádúr intreach an chiona; agus, ar an tríú dul síos, leibhéal déine an phionóis a d'fhéadfadh a fhorchur ar an duine lena mbaineann.[93] D'fhéadfaí a rá go bhfuil meáchan níos mó ag baint leis an dá chritéar dheireanacha sin.[94]

109. Sa chás seo, is léir ó chomhad an cháis go mbaineann foilsiú na faisnéise a bhaineann le fionraí dópála an iarratasóra le seilbh agus le páirtúsáid substaintí toirmiscthe. Ós rud é go míníonn an Coimisiún, agus faoi réir deimhnithe, gurbh ionann seilbh agus/nó úsáid substaintí den sórt sin agus cion coiriúil faoi § 28(1) agus (2) ADBG. De réir na hiarrata ar réamhrialú, baineann iarmhairtí an chiona sin le craobhacha spóirt a tharraingt siar agus duais-airgid a tharraingt ar ais, chomh maith le cosc ceithre bliana ó gach comórtas spóirt (náisiúnta agus idirnáisiúnta). Is léir chomh maith go gcuireann § 24(4) ADBG toirmeasc ar fhostaíocht ar phá an iarratasóra ag eagraíochtaí spóirt le linn a cosc.

110. Mar a ghlac na páirtithe uile sna himeachtaí seo, tá sé mar chuspóir soiléir ag na pionóis sin pionós a ghearradh ar an iarratasóir as a cuid gníomhaíochtaí chomh maith le bheith ina dhíspreagadh di (agus do lúthchleasaithe eile) tabhairt faoin iompar céanna.

111. Ní hamháin go ndéantar craobhacha spóirt a tharraingt siar agus duais-airgid a tharraingt ar ais, (ceartú ar rudaí a baineadh amach go míchuí san am a chuaigh thart) ach cuireann toirmeasc oibre ar feadh tréimhse teoranta ama le gné phionósach a mhéadaíonn go mór déine an tionchair fhoriomláin ar ghníomhaíochtaí an iarratasóra.

90 Féach breithiúnas an 22 Meitheamh 2021, *Latvijas Republikas Saeima (Pointí pionóis)* (C-439/19, ECLI:EU:C:2021:504, mír 85 agus an cásdlí dá dtagraítear) (lena leagtar síos nádúr neamhspléach an choincheapa sin faoi dhlí an Aontais).

91 Breithiúnas an 22 Meitheamh 2021, *Latvijas Republikas Saeima (Pointí pionóis)* (C-439/19, EU:C:2021:504, míreanna 77 agus 78) (ina ndéantar léiriú, i gcodarsnacht le hAirteagal 8(5) de Threoir 95/46, go bhfuil raon feidhme Airteagal 10 RGCS teoranta don réimse coiriúil amháin).

92 Dá bhrí sin, ní gá, chun críocha an cháis seo, cinneadh a dhéanamh ar ciontaíodh an t-iarratasóir sa bhreis air sin.

93 Breithiúnas an 22 Meitheamh 2021, *Latvijas Republikas Saeima (Pointí pionóis)* (C-439/19, EU:C:2021:504, mír 87 agus an cásdlí dá dtagraítear).

94 Breithiúnas an 22 Meitheamh 2021, *Latvijas Republikas Saeima (Pointí pionóis)* (C-439/19, EU:C:2021:504, mír 88 agus an cásdlí dá dtagraítear) (lena luaitear go bhféadfar fiú cionta nach n-aicmítear mar chionta "coiriúla" faoin dlí náisiúnta a chinneadh gur cionta choiriúla atá i gceist chun críocha dhlí an Aontais, ar bhonn chineál intreach an chiona agus ar bhonn dhéine na bpionós).

112. I bhfocail eile, téann an pionós atá i gceist sa chás seo níos faide ná iarracht a dhéanamh an damáiste a rinneadh a dheisiú ach tá sé mar chuspóir sonrach aige pionós a ghearradh ar an iarratasóir as a cuid gníomhartha.[95] Tá feidhm choisctheach ann freisin – is é sin lúthchleasaithe eile a dhíspreagadh ó thabhairt faoi chionta frithdhópála.

113. Is iad na tosca éagsúla seo a léiríonn an cion atá coiriúil atá i gceist agus a théann níos faide ná tairseach na gcionta a mheastar seachas sin a bheith ina gcionta araíonachta spóirt.[96]

114. Tá an méid seo, ar ndóigh, mar a thugann Rialtas na Laitvia dá aire agus an ceart acu, gan dochar d'aicmiú náisiúnta na gcionta atá i gceist. Ní chiallaíonn an chonclúid sin ach oiread go mbaintear amach, i sraith dhifriúil imthosca, an tairseach chun pionós aonair "coiriúil" a aicmiú.[97] Mar a mhínigh mé sa phointe roimhe seo, áfach, measaim gur pionós é an pionós ar leith a forchuireadh ar an iarratasóir atá de chineál a chomhlíonann an tairseach den mhéid a mheastar a bheith ina chion coiriúil nó ina choir chun críocha Airteagal 10 RGCS.

115. Murab ionann agus an méid atá curtha chun tosaigh ag WADA, ní dóigh liom go mbeadh sé úsáideach, go ginearálta, caitheamh le sáruithe ar rialacha frithdhópála, mar shampla na sáruithe siúd atá i gceist sa chás seo, mar sháruithe ar rialacha (príobháideacha) na gclubanna nó na n-eagraíochtaí spóirt aonair amháin. Téann seilbh nó úsáid substaintí mar atá i gceist i gcás an iarratasóra i bhfad níos faide ná an sárú féideartha, cuir i gcás, rialacha chlub fichille Knin (an Chróit).[98]

116. Cuirtear cosc ar iompar den sórt sin leis an dlí náisiúnta – ADBG – agus ní le rialacha príobháideacha club nó eagraíochta spóirt (amháin). Thairis sin, beidh tionchar ag na héifeachtaí indíreacha ar staid phearsanta agus ghairmiúil an iarratasóra, a eascraíonn as an míshástacht shóisialta agus as an stiogmatú a bhaineann le sárú ar riail frithdhópála, atá i bhfad níos leithne ná saol an spóirt.[99] Ar deireadh, sa chás go bhféadfadh sárú ar an dlí sin a bheith ina chion araíonachta faoi rialacha club nó eagraíochta spóirt phríobháidigh a fhéachann le hiompar a chomhaltaí a rialáil (sa chás seo, Rialacha Frithdhópála IAAF agus Rialacha Iomaíochta IAAF) ní hionann sin agus a rá go gcuirtear cosc ar an sárú agus ar na pionóis chéanna a leanúint as dlí poiblí Ballstáit chomh maith.

95 Breithiúnas an 22 Meitheamh 2021, *Latvijas Republikas Saeima (Pointí pionóis)* (C-439/19, EU:C:2021:504, mír 89) (ina mínítear nach chun an damáiste a rinneadh a dheisiú amháin atá an ghné intreach de phionós "coiriúil").

96 Maidir leis an bpointe sin, ba mhaith liom a argóint, dá bhrí sin, go dtéann an staid seo thar an mbonnlíne ghinearálta a nglactar léi i gcásdlí na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine (ECtHR) agus CAS araon nach féidir, *go ginearálta*, díospóidí araíonachta a bhaineann leis an spórt a aicmiú mar dhíospóidí de chineál coiriúil. Féach, i ndáil leis sin, CAS, dámhachtain an 22 Lúnasa 2011, *Stichting Anti-Doping Autoriteit Nederland (NADO) & Koninklijke Nederlandsche Schaatsenrijders Bond (KNSB)* v. *W*. (2010/A/2311 & 2312, mír 33) (ina léirítear, go ginearálta, go measann dlí na hEilvéise agus cásdlí CAS araon gur díospóidí sibhialta iad díospóidí a bhaineann le spórt).

97 Tugann Rialtas na Fraince aird ar bhreithiúnas na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine an 6 Samhain 2018, *Ramos Nunes de Carvalho de Carvalho e Sá* v. *an Phortaingéil* (CE:ECHR:2018:1106JUD005539113), go háirithe § 67 (Breitheamh a cuireadh ar fhionraí ó dhualgais ar feadh tréimhse chomhleanúnach 240 lá) agus § 127 (nár shroich an fhionraí sin an tairseach choiriúil in Airteagal 6(1) den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine (ECHR)).

98 Ní hé sin le rá nach institiúid chreidiúnach é club fichille Knin. A mhalairt ar fad atá an cás, tugtar le fios le béaloideas na Cróite gur ghabh an Dóg Veinéiseach Pietro II Orseolo an Rí Crótach meánaoiseach Stjepan Držislav, a rialaigh an chéad stát Crótach ó Chaisleán Knin, sa réigiún sin. Chun a shaoirse a bhaint amach arís, d'imir Držislav cluiche trí bhabhta fichille i gcoinne an Dóg Veinéiseach, bhuaigh sé gach babhta, agus bhain sé saoirse amach, ní hamháin dó féin ach do chathracha uile na Cróite ar fud chósta an Aidriadaigh. Mar cheiliúradh ar a bhua, chuir Držislav an patrún seicear ar a armas féin.

99 Féach, chuige sin, Breithiúnas na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine an 2 Deireadh Fómhair 2018 *Mutu agus Pechstein* v *an Eilvéis* (CE:ECHR:2018:1002JUD004057510, § 182) (ina léirítear go raibh gá le héisteacht phoiblí, de réir bhrí Airteagal 6(1) ECHR, a reáchtáil de bharr go raibh "leibhéal stiogma ag baint le" cosc dópála dhá bhliain an iarratasóra "agus go raibh dochúlacht ann go mbeadh drochthionchar aige ar a onóir agus a clú gairmiúil" [Aistriúchán neamhoifigiúil]).

117. Ar na cúiseanna thuas, measaim go mbaineann an oibríocht phróiseála lena mbaineann le "sonraí pearsanta a bhaineann le ciontuithe coiriúla nó coireanna" de réir bhrí Airteagal 10 RGCS.

118. Cén torthaí atá ag baint leis an gconclúid sin?

119. Mar a mhínigh mé roimhe seo, má fhaightear amach go dtagann oibríocht phróiseála faoi raon feidhme Airteagal 10 RGCS ceanglaítear go dtabharfar níos mó meáchain do leas an duine is ábhar do na sonraí i mbeart cothromúcháin maidir le nochtadh.[100] De bharr fhoclaíocht na forála sin, ní mór an phróiseáil sin a dhéanamh faoi rialú "údarás oifigiúil" nó faoi dhlí an Aontais nó faoin dlí náisiúnta lena bhforáiltear do choimircí iomchuí do chearta agus do shaoirsí an ábhair sonraí lena mbaineann.

120. Dá bhrí sin, mar fhreagra ar Cheist 4, molaim go rialóidh an Chúirt Bhreithiúnais nach mór Airteagal 10 RGCS a léiriú sa chaoi go mbaineann sé le próiseáil sonraí pearsanta a bhaineann le seilbh agus le páirtúsáid substaintí atá liostaithe ar Liosta Toirmiscthe na Gníomhaireachta Domhanda Frithdhópála ag lúthchleasaí gairmiúil i ndáil le gníomhaíocht spóirt.

D. Ceist 5

121. Lena chúigiú ceist, ceist nach n-ardaítear ach amháin i gcás freagra dearfach ar an gceathrú ceist, fiafraíonn USK, go bunúsach, an bhfuil USK ina "údarás oifigiúil" de réir bhrí Airteagal 10 RGCS mar gheall ar phróiseáil sonraí pearsanta an iarratasóra a bhaineann lena ghníomhartha atá de shárú ar riail frithdhópála.

122. Mar a mhínigh mé thuas, in imthosca an cháis seo, go deimhin, déanann USK "sonraí pearsanta a bhaineann le ciontuithe coiriúla agus coireanna" de réir bhrí Airteagal 10 RGCS a phróiseáil. Mar sin féin, agus an ghníomhaíocht sin á déanamh aige, ní fheidhmíonn USK mar "údarás oifigiúil" a rialaíonn próiseáil na sonraí sin.

123. Ina ionad sin, is léir ó §§ 5(6) agus 6(1) go 6(5) ADBG gur thug reachtas na hOstaire cumhacht do NADA ról "údarás oifigiúil" a ghlacadh chun, *inter alia*, gníomhaíochtaí próiseála a dhéanann USK a rialú i ndáil leis na cineálacha sonraí pearsanta a thagann faoi raon feidhme Airteagal 10 RGCS.

124. Dá bhrí sin, dealraíonn sé gur le NADA atá an fhreagracht shubstainteach as sonraí pearsanta a phróiseáil i gceart i gcomhthéacs dhualgais USK, lena n-áirítear torthaí chinntí USK a fhoilsiú.

125. Dá réir sin, cé go ndéanann USK sonraí pearsanta a thagann faoi raon feidhme Airteagal 10 RGCS a phróiseáil, ní fhágann sé sin go huathoibríoch gur "údarás oifigiúil" é an comhlacht sin de réir bhrí na forála sin.

126. Dá bhrí sin, mar fhreagra ar Cheist 5, molaim go rialóidh an Chúirt Bhreithiúnais má chuirtear de chúram ar chomhlacht athbhreithniú a dhéanamh ar chinneadh lena gcinntear gur sáraíodh riail frithdhópála, ní hionann sin go huathoibríoch agus gur "údarás oifigiúil" an comhlacht sin de réir bhrí Airteagal 10 RGCS, má áirithítear ar institiúid eile maoirseacht a dhéanamh ar na sonraí sin leis an dlí náisiúnta.

[100] Féach mo Thuairim in *Norra Stockholm Bygg* (C-268/21, EU:C:2022:755, pointe 81).

E. Ceisteanna 2 agus 3

127. Leis an dara agus an tríú ceist dá chuid, a bhfuil sé i gceist agam déileáil leo le chéile, fiafraíonn USK, go bunúsach, an bhfuil nochtadh sonraí pearsanta lúthchleasaí ghairmiúil don phobal i gcoitinne, trí shonraí pearsanta lúthchleasaí ghairmiúil a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin a bhfuil rochtain ag an bpobal air nó uirthi, mar aon le gníomh an lúthchleasaí sin lena sáraítear na rialacha ábhartha frithdhópála agus an fhionraí spóirt a forchuireadh air nó uirthi, ag luí leis na coinníollacha a bhaineann le dlíthiúlacht agus íoslaghdú sonraí faoi Airteagal 5(1)(a) agus (c) agus Airteagal 6(3) RGCS.

128. De bhun ADBG, ní mór don ÖADR,[101] nó, i gcás ina ndéantar iarraidh ar athbhreithniú ar a chinneadh a thaisceadh, don USK,[102] a chinneadh críochnaitheach maidir le sáruithe áirithe ar na rialacha frithdhópála a chur ar fáil don phobal. Ní mór ainm an lúthchleasaí, an spórt ina mbíonn sé nó sí san iomaíocht, an sárú lena mbaineann ar na rialacha frithdhópála agus na pionóis a ghearrtar a áireamh san fhaisnéis sin. Faoi § 5(6)(4) ADBG, cuirtear foilsiú de chúram NADA, atá ainmnithe mar rialaitheoir sonraí chun na críche sin. Leis an ADBG foráiltear go mbeadh an nochtadh sin uathoibríoch i gcás lúthchleasaithe gairmiúla agus roghnach, go ginearálta, i gcás lúthchleasaithe atá ag tabhairt faoin spórt mar chaitheamh aimsire. Ní dhéanann ADBG féin rialacha mionsonraithe an nochta a rialáil. Dá bhrí sin, ba é rogha NADA amháin é maidir leis an bhfoilsiú ar an idirlíon.

129. Dar liom, tagann roinnt saincheisteanna chun cinn leis na ceisteanna atá tarchurtha ag USK. Ar an gcéad dul síos, an gceanglaítear le RGCS go ndéanfaidh rialaitheoir sonraí athbhreithniú ar chomhréireacht i ngach cás ar leith sula nochtfar sonraí pearsanta don phobal i gcoitinne, nó an féidir comhréireacht an fhoilsithe sin a chinneadh roimh ré leis an dlí ginearálta? I gcás an chéad chinn, is é sin le rá má tá gá le measúnú comhréireachta aonair a dhéanamh, is léir go sáraíonn ADBG RGCS ós rud é gur léir nach gceadaítear le ADBG leibhéal athbhreithnithe den sórt sin ar bhonn aonair. Ar an dara dul síos, más féidir, i bprionsabal, athbhreithniú comhréireachta a dhéanamh *in abstracto* faoin dlí náisiúnta agus oibleagáid uathoibríoch a fhorchur ar an rialaitheoir sonraí, is í an dara ceist don Chúirt Bhreithiúnais an gcomhlíontar le ADBG an ceanglas comhréireachta a fhorchuirtear le hAirteagal 6(3) RGCS? Ar an tríú dul síos, má dhéantar faisnéis a bhaineann le cinneadh maidir le cion frithdhópála a nochtadh go huathoibríoch don phobal i gcoitinne, má tá sé comhréireach leis an aidhm dhlisteanach (leis na haidhmeanna dlisteanacha) atá ag iarraidh a bhaint amach leis an dlí, an gá an fhaisnéis sin a chur ar shuíomh gréasáin eagraíochta frithdhópála a bhfuil rochtain ag an bpobal air? Déileálfaidh mé le gach ceann de na saincheisteanna seo ceann ar cheann.

1. An gceanglaítear le RGCS go ndéanfaí an rialaitheoir sonraí athbhreithniú comhréireachta i ngach cás ar leith?

130. Agus RGCS á chur i bhfeidhm, is gá ar dtús a chinneadh cé hé nó cé hí an rialaitheoir sonraí i ndáil le hoibríocht phróiseála ar leith. Foráiltear le hAirteagal 5(2) de go bhfuil an rialaitheoir freagrach as prionsabail na próiseála sonraí a liostaítear in Airteagal 5(1) RGCS, agus go gcaithfidh sé nó sí a bheith in ann comhlíonadh na bprionsabal sin a léiriú.

101 § 21(3) de ADBG.

102 § 23(14) de ADBG.

131. De réir Airteagal 4(7) RGCS, is duine é an rialaitheoir sonraí a chinneann críocha agus modhanna na próiseála sonraí pearsanta. Sa dara cuid den fhoráil chéanna, soiléirítear "i gcás ina gcinntear críocha agus modhanna na próiseála sin le dlí an Aontais nó le dlí Ballstáit, féadfar foráil a dhéanamh don rialaitheoir le dlí an Aontais nó le dlí Ballstáit nó féadfar foráil a dhéanamh do na critéir shonracha dá ainmniú le dlí an Aontais nó le dlí Ballstáit". Sa chás seo, is le ADBG a ndéantar cuspóirí na hoibríochta próiseála atá i gceist a chinneadh (nó ar a laghad go bhfuil na cuspóirí sin intuigthe le ADBG) ach ní gá go mbeadh modhanna na hoibríochta próiseála i gceist le cinneadh ann agus is le ADBG, ag an am céanna a ndéantar NADA a ainmniú mar rialaitheoir sonraí.

132. Dá bhrí sin, is rialaitheoir é NADA chun críocha sonraí pearsanta an iarratasóra a phróiseáil nuair a chuirtear na sonraí sin ar a shuíomh gréasáin. I mo thuairim, ní chuireann an méid seo cosc ar USK a bheith cáilithe mar rialaitheoir i ndáil leis an oibríocht phróiseála chéanna chomh maith. [103] I ndeireadh na dála, de réir ADBG, níl NADA ach ag comhlíonadh oibleagáid nochta USK a eascraíonn as ADBG. D'fhéadfadh an méid sin a bheith tábhachtach má chinneann an Chúirt Bhreithiúnais (cinneadh nach bhfuil ag luí leis an méid a mholfaidh mé) nach mór don rialaitheoir sonraí athbhreithniú comhréireachta a dhéanamh i ngach cás ar leith. Thiocfadh an cheist chun cinn sa chás sin ar cheart gurb é NADA nó USK a ba cheart an t-athbhreithniú comhréireachta sin a dhéanamh.

133. Chun a mheas go bhfuil sé dleathach, ní mór aon phróiseáil ar shonraí pearsanta, de réir RGCS, a dhéanamh ar bhonn ceann de na cúiseanna a leagtar amach in Airteagal 6. Gan iarracht a dhéanamh an difríocht idir Airteagal 6(1)(c) agus (e) a mhíniú anseo, glacann na páirtithe ar fad sa chás seo leis go mbeadh NADA ag gníomhú faoi cheann amháin de na forálacha sin, nó faoin dá cheann fiú, agus sonraí pearsanta an iarratasóra á gcur ar a shuíomh gréasáin. [104]

134. I gcás ina bhfuil bunús dlí na próiseála bunaithe ar cheann den dá fhoráil a luaigh mé sa phointe roimhe seo, foráiltear le hAirteagal 6(3) RGCS go saothraíonn an dlí lena gceanglaítear sonraí pearsanta a phróiseáil, sa chás seo ADBG, cuspóir ar mhaithe le leas an phobail agus go bhfuil sé i gcomhréir leis an aidhm dhlisteanach atá á saothrú.

135. Más rud é, go deimhin, má tá cothromaíocht déanta ag an reachtas idir na leasanna éagsúla a bhaineann le leas poiblí áirithe a bhaint amach agus gur chinn sé go bhfuil údar le próiseáil áirithe a dhéanamh, ar cheart don rialaitheoir sonraí athbhreithniú comhréireachta ar leith a dhéanamh i ngach cás ar leith? Nó an gcomhlíonfaí a oibleagáid faoi Airteagal 5(2) RGCS comhlíonadh phrionsabal na comhréireachta mar a chuirtear in iúl é i bprionsabal an íoslaghdaithe sonraí trí thagairt a dhéanamh don oibleagáid a fhorchuirtear ar an reachtas?

136. I mo thuairim, ní éilíonn RGCS go ndéanfaí athbhreithniú comhréireachta i ngach cás ar leith ina ndéanann rialaitheoir sonraí a phróiseáil. Ina ionad sin, d'fhéadfadh an rialaitheoir brath – mheasfainn fiú nach mór don rialaitheoir brath – ar an athbhreithniú comhréireachta arna dhéanamh ag an reachtas. Ní féidir beart comhréireachta de chuid an reachtais a shaincheapadh. Mar sin féin, féadfaidh an beart sin, ar bhonn teibí, leasanna cosanta sonraí grúpa áirithe daoine a chur san áireamh agus iad a chothromú i ndáil le leasanna sóisialta eile atá i gceist.

[103] Féach, chuige sin, breithiúnas an 29 Iúil 2019, *Fashion ID* (C-40/17, EU:C:2019:629, mír 67 agus an cásdlí dá dtagraítear) (ina léirítear go bhféadfadh coincheap an rialaitheora baint a bheith acu le roinnt gníomhaithe atá rannpháirteach i bpróiseáil sonraí pearsanta).

[104] I ndáil leis sin, d'aithin an Chúirt Bhreithiúnais cheana féin go bhféadfadh an oibríocht phróiseála chéanna roinnt foras le próiseáil dhlisteanach a shásamh. Féach, chuige sin, breithiúnas an 9 Márta 2017, *Manni* (C-398/15, EU:C:2017:197, mír 42). Féach freisin breithiúnas an 1 Lúnasa 2022, *Vyriausioji tarnybinės etikos komisija* (C-184/20, EU:C:2022:601, mír 71) inar chinn an Chúirt Bhreithiúnais gur leor aon údar dlisteanach amháin faoi Airteagal 6 RGCS.

137. D'fhéadfaí glacadh le cur chuige difriúil le reachtaíocht lena gceadaítear (nó lena gceanglaítear) próiseáil sonraí. Féadfaidh reachtaíocht den sórt sin a cheadú go ndéanfaí próiseáil áirithe sonraí má fhaigheann an rialaitheoir go bhfuil gá leis i gcomhthéacs réamhshocraithe. I gcás den sórt sin, ní mór don rialaitheoir tabhairt faoin mbeart comhréireachta i ngach cás ar leith. Mar sin féin, is féidir le reachtaíocht cineál áirithe próiseála sonraí a shainordú freisin, mar atá sa chás seo, chun aidhm áirithe a bhaint amach. I gcás den sórt sin, ní féidir liom teacht ar aon fhoráil sa RGCS lena gceanglaítear, nó lena gceadófaí fiú, don rialaitheoir atá i gceist an t-athbhreithniú ar chomhréireacht atá déanta ag an reachtas a cheistiú. I gcás den sórt sin, ní cheanglaítear le RGCS go ndéanfaí athbhreithniú breise ar chomhréireacht i ngach cás ar leith. Ar ndóigh, d'fhéadfadh na hábhair sonraí, nó go deimhin, na rialaitheoirí sonraí, agóid a dhéanamh os comhair na cúirteanna in aghaidh bearta comhréireachta an reachtais. Mar sin féin, mura rud é go n-éireoidh leis agóid a dhéanamh i gcoinne bearta comhréireachta an reachtais, tá an rialaitheoir sonraí, i gcás amhail an cás seo, faoi *oibleagáid* an phróiseáil sonraí a dhéanamh.

138. Tá a leithéid de léiriú ar RGCS i gcomhréir le prionsabal an daonlathais agus ní sháraíonn sé téacs an rialacháin sin.

139. I sochaí dhaonlathach, is é go díreach an cúram atá ar an reachtas an chothromaíocht iomchuí a bhaint amach idir cearta agus leasanna atá ag teacht salach ar a chéile. Is réiteach é an réiteach seo áit a fhágtar an beart sin faoi institiúid atá neamhspleách ach nach bhfuil freagrach ó thaobh na polaitíochta de, nach bhfuil chomh daonlathach céanna, fiú má bhíonn gá le a leithéid de réiteach amanna.

140. Ina theannta sin, agus mar atá ráite ag WADA agus an ceart acu, d'fhéadfadh mí-úsáid agus éilliú a bheith mar thoradh ar fhoilsiú sáruithe ar na rialacha frithdhópála a bheith ag brath ar chinneadh lánroghnach na gcomhlachtaí náisiúnta frithdhópála i ngach cás ar leith, agus aird á tabhairt go háirithe ar leas suntasach lúthchleasaithe, clubanna nó rialtas fiú maidir leis an bhfoilsiú sin a chosc. D'fhéadfadh neamhionannas sa chaoi a gcaitear le lúthchleasaithe a bheith mar thoradh air freisin, a fhaigheann iad féin i staid den chineál céanna, go deimhin, maidir le cionta frithdhópála a dhéanamh.

141. Ina theannta sin, le téacs RGCS, ceadaítear agus ceanglaítear fiú gurb é an reachtas a dhéanfaidh an t-athbhreithniú ar chomhréireacht. Foráiltear le hAirteagal 4(7) RGCS gur le dlí an Aontais nó le dlí Ballstáit a chinntear críocha agus modhanna próiseála sonraí pearsanta, agus ní ag an rialaitheoir. Ceanglaítear le hAirteagal 6(3) RGCS go mbeidh an dlí lena gcumasaítear próiseáil sonraí faoi réir athbhreithniú comhréireachta.

142. Dá bhrí sin, táim den tuairim nach gceanglaítear le RGCS go bhformheasfaidh NADA (nó USK) sárú ar riail frithdhópála a fhoilsiú ag lúthchleasaithe gairmiúla i ngach cás ar leith.

143. Tugann sé seo mé chuig an dara saincheist a ardaíodh le Ceisteanna 2 agus 3 – ar bhain reachtas na hOstaire cothromaíocht cheadaithe amach idir na leasanna éagsúla a bhí i gceist nuair a cheangal sé gur ceart sonraí pearsanta an iarratasóra, mar aon leis an sárú lena mbaineann ar na rialacha frithdhópála agus an fhionraí spóirt a forchuireadh uirthi a chur ar fáil don phobal i gcoitinne?

2. An bhfuil údar cuí leis an nochtadh don phobal i gcoitinne a cheanglaítear le ADBG?

144. Mar achoimre, deirtear le ADBG nach mór do USK (nó do ÖADR) *an pobal i gcoitinne* a chur ar an eolas faoina chinntí, *ag luadh ainm* na ndaoine lena mbaineann, chomh maith le fad an choisc spóirt agus na cúiseanna leis an gcosc. Baineann an oibleagáid sin *go príomha le lúthchleasaithe gairmiúla*, agus, i gcásanna áirithe, le lúthchleasaithe atá ag tabhairt faoin spórt mar chaitheamh aimsire. Ina theannta sin, ceadaítear le ADBG go ndéanfaí athbhreithniú breise ar chomhréireacht nuair a dhéantar cinntí a fhoilsiú i dtaobh sáruithe ar rialacha frithdhópála ag lúthchleasaithe atá ag tabhairt faoin spórt mar chaitheamh aimsire agus ag daoine leochaileacha.

145. Ceistíonn an t-iarratasóir an bhfuil údar maith leis an bpobal i gcoitinne a chur ar an eolas ina cás féin ar leith. Ní fheictear do NADA, do WADA ná don Choimisiún, ná do na Ballstáit atá ag glacadh páirte sna himeachtaí seo, ceist ar bith maidir le nochtadh den sort sin.

146. Cé go bhféadfadh cúiseanna breise a bheith ann chun a leithéid de nochtadh a dhéanamh, dhírigh formhór an phlé (i gcodanna i scríbhinn agus ó bhéal de na himeachtaí) ar dhá údar a d'fhéadfadh a bheith ann chun an pobal i gcoitinne a chur ar an eolas: (i) aon duine a bhíonn ag gabháil don spórt a dhíspreagadh ó riail frithdhópála a shárú; agus (ii) aon dul timpeall ar fhionraí spóirt a sheachaint trí aon duine a d'fhéadfadh urraíocht a thabhairt don lúthchleasaí atá i gceist nó iad a fhostú a chur ar an eolas faoin bhfionraí sin.

147. Ní mór measúnú comhréireachta [105] a dhéanamh i ndáil le gach údar atá beartaithe. Dá bhrí sin, déanfaidh mé anailís ceann ar cheann ar cé acu an féidir nó nach féidir údar a thabhairt leis an nochtadh don phobal i gcoitinne de bharr ceann amháin, nó an dá cheann, den dá chríoch shonraithe. Tá roinnt céimeanna ag baint le hathbhreithniú ar chomhréireacht i bhfianaise gach údar ar leith. Ní mór don Chúirt Bhreithiúnais a mheas ar ceart go ndéanfaí an nochtadh don phobal i gcoitinne ar mhaithe leis an sprioc shonraithe a bhaint amach. Más ceart, ní mór don Chúirt Bhreithiúnais a fháil amach fós an bhfuil gá leis an mbeart sin, rud a éilíonn, dá réir sin, measúnú a dhéanamh i dtaobh an bhfuil beart eile ar fáil cheana lena mbainfí amach an sprioc chéanna, ach nach gcuirfeadh sé isteach ar cheart bunúsach an duine is ábhar do na sonraí maidir le cosaint sonraí. Ar deireadh, d'fhéadfadh an Chúirt Bhreithiúnais a mheas go raibh an cur isteach ar shaol príobháideach an duine sin chomh suntasach sin nach bhféadfadh an sochar a bheadh le baint amach ag an aidhm fógartha a bheith ina údar leis.

(a) An chéad údar: sáraithe dópála a chosc trí dhíspreagadh

148. I mo thuairim, dá ndéanfaí an fhaisnéis phearsanta a bhaineann le sárú ar riail frithdhópála agus a hiarmhairtí a chur ar fáil don phobal i gcoitinne, d'fhéadfaí lúthchleasaithe gairmiúla agus lúthchleasaithe atá ag tabhairt faoin spórt mar chaitheamh aimsire araon a dhíspreagadh ó thabhairt faoi sáraithe comhchosúla. Is leor an beart freisin sa chiall choisctheach toisc go gcuireann sé daoine óga, a bhfuil tús curtha acu le saol an spóirt le déanaí agus a d'fhéadfadh a bheith ina lúthchleasaithe gairmiúla amach anseo, ar an eolas faoi na hiarmhairtí a bhaineann le cinneadh a dhéanamh dul i muinín substaintí toirmiscthe a úsáid chun torthaí níos fearr a bhaint amach. Dá bhrí sin, níl aon amhras orm faoi oiriúnacht an bhirt atá i gceist chun na críche fógartha.

[105] Is céim riachtanach é athbhreithniú ar chomhréireacht a chaithfidh an Chúirt Bhreithiúnais a thabhairt faoi chun a chinneadh go bhfuil bonn cirt d'aon teorannú ar fheidhmiú cheart bunúsach (Airteagal 52(1) den Chairt). Maidir leis an gceart bunúsach chun cosaint sonraí, athdhearbhaítear prionsabal na comhréireachta in Airteagal 5(1)(c) (prionsabal an íoslaghdaithe sonraí) agus in Airteagal 6(3) RGCS.

149. Is é an cheist is deacra ná an gá ainm an lúthchleasaí aonair a chur in iúl don phobal i gcoitinne chun lúthchleasaithe eile a dhíspreagadh ó dhul i mbun sáruithe ar rialacha frithdhópála den chineál céanna iad féin. I ndáil leis sin, is fiú tuairim Mheitheal Cosanta Sonraí Airteagal 29 ("Meitheal Airteagal 29") a chur san áireamh, meitheal a bhí ann roimh Bhord Eorpach um Chosaint Sonraí an lae inniu, inar scrúdaíodh comhréireacht rialacha atá comhchosúil le rialacha WADC.[106] Mheas Meitheal Airteagal 29 gur leor faisnéis anaithnid a fhoilsiú maidir le sáruithe agus pionóis ar mhaithe le lúthchleasaithe eile a dhíspreagadh.[107]

150. Ní aontaím. Is fíor go bhfuil éifeacht dhíspreagthach ann cheana féin mar gheall ar dhéine na bpionós lena mbaineann. Mar sin féin, tá éifeacht dhíspreagthach bhreise agus níos láidre ag an eolas go bhféadfar ainm duine a fhoilsiú i ndáil le sárú ar riail frithdhópála. Cé go bhféadfadh lúthchleasaí óg atá ag iarraidh gairm bheatha a dhéanamh dóibh féin a ríomh gur fiú dul sa seans más rud é gur fionraí cúpla mí nó fiú cúpla bliain é an pionós a bhfuiltear ag súil leis, b'fhéidir go ndéanfaí sé nó sí machnamh go cúramach nuair a thuigeann sé nó sí go bhfoghlaimeoidh an *pobal i gcoitinne* faoina chion nó faoina shárú. Ní féidir breathnú ar fhoilsiú gan ainm, dá bhrí sin, mar bheart lena mbaintear an sprioc chéanna amach chomh héifeachtach céanna.[108]

151. Mheas Meitheal Airteagal 29 freisin go bhféadfadh sé gur beart leordhóthanach, ach beart nach mbeadh chomh sriantach céanna é, beart lena ndéantar foilsiú aon uaire díreach tar éis cinneadh a dhéanamh lena ndearbhaítear gur sáraíodh riail frithdhópála. Ní aontaím leis an bpointe seo ach an oiread. Trí fhaisnéis a bheith ar fáil le linn thréimhse na fionraí, tá seans níos fearr ann go gcuirfear an pobal spriocdhírithe ar an eolas faoi. Ina theannta sin, ní léir dom conas a bheadh foilsiú, mar shampla, preaseisiúint aon-uaire ar an idirlíon mar chur isteach níos lú ná foilsiú tábla leis an bhfaisnéis chéanna ann. D'fhéadfadh preaseisiúint den sórt sin, i ndáiríre, a bheith ar fáil i bhfad níos faide ná an tábla a nochtann na lúthchleasaithe atá ar fionraí, ós rud é go mbaintear an dara ceann ón idirlíon ar dhul in éag don fhionraí spóirt. Is fíor, mar a luaigh an t-iarratasóir, má tá fionraí ar feadh an tsaoil, fanann an iontráil sa tábla lena mbaineann ar líne freisin ar feadh a saoil. Mar sin féin, ar choinníoll go bhfuil faisnéis chruinn ann, nach bhfuil an cineál ionraidh sin i gceart an ábhair sonraí maidir le cosaint sonraí ró-ghéar (fiú go bhféadfaí a cheistiú an bhfuil an smachtbhanna sin áibhéalach, ach gur saincheist eile é sin), cé nach féidir beag is fiú a dhéanamh den thairbhe a bhaineann le lúthchleasaithe óga a dhíspreagadh trí iad a chur ar an eolas faoin bhféidearthacht sin. Ar aon chuma, sa chás seo, maireann an fhionraí spóirt ar feadh ceithre bliana, agus ina dhiaidh sin bainfear faisnéis phearsanta an iarratasóra ón tábla atá i gceist.

152. Ar deireadh, d'fhéadfadh duine an méid seo a leanas a fhiafraí: an gá gach sárú frithdhópála a fhoilsiú; ar cheart nó nár cheart ach na sáruithe is déine a chur in iúl don phobal; ar cheart gan ach iad siúd a sháraíonn rialacha frithdhópála in athuair a nochtadh faoina n-ainm; agus cibé acu ar chóir ceann a chur san áireamh an leibhéal ag a bhfuil lúthchleasaithe san iomaíocht nó fachtóirí eile sa bhreis?

106 Meitheal Cosanta Sonraí Airteagal 29, "Dara tuairim 4/2009 maidir le Caighdeán Idirnáisiúnta um Chosaint Phríobháideachais agus sonraí pearsanta na Gníomhaireachta Domhanda Frithdhópála (WADA), maidir le forálacha gaolmhara Chód WADA agus maidir le ceisteanna príobháideachais eile i gcomhthéacs chomhrac WADA agus ag eagraíochtaí frithdhópála (náisiúnta) i gcoinne na dópála sa spórt (WP 162, a glacadh an 6 Aibreán 2009, 0746/09/EN) ("Tuairim 4/2009 Meitheal Airteagal 29").

107 Tuairim 4/2009 Meitheal Airteagal 29, lch. 17, pointe 3.6.2.

108 D'úsáid an Chúirt an caighdeán cheana sin i dtaobh an mbeadh beart malartach chomh héifeachtach céanna agus measúnú á dhéanamh ar an ngá atá le beart. Féach, chuige sin, breithiúnas an 1 Lúnasa 2022, *Vyriausioji tarnybinės etikos komisija* (C-184/20, EU:C:2022:601, mír 85 agus an cásdlí dá dtagraítear).

153. I mo thuairim, is gá raon áirithe lánrogha a fhágáil ag an reachtas chun measúnú a dhéanamh ar fhachtóirí den sórt sin. D'fhéadfadh sé a bheith, mar shampla, go mbeadh sé níos éasca an cinneadh a dhéanamh chun tabhairt faoi sáruithe ar leith dá bhfoilseofaí sáruithe eile amháin. Dá bhfoilseofaí sáruithe sa chás gur sáruithe arís agus arís eile a bheadh i gceist, d'fhéadfaí lúthchleasaithe óga a ríomh gur fiú an riosca a ghlacadh uair amháin, toisc nach gcuirfear a n-ainmneacha ar fáil don phobal i gcás sárú amháin.[109] Is iomaí ábhar imní agus argóintí gur féidir a chur chun cinn.

154. Ba chosúil gur chuir reachtas na hOstaire ábhair imní éagsúla san áireamh chun an sprioc choisctheach a bhaint amach, is é sin sáruithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar an riail frithdhópála a dhíspreagadh. Mar thoradh ar an gcothromaíocht idir na leasanna atá i gceist, rinneadh eisceachtaí agus cuireadh teorainneacha leis an riail, rudaí ar léir nár bhain ón sprioc inmhianaithe. D'fhág reachtas na hOstaire mionaoisigh, daoine leochaileacha agus, i bhformhór na gcásanna, lúthchleasaithe atá ag tabhairt faoin spórt mar chaitheamh aimsire as an áireamh. Níor cuireadh aon argóint áititheach faoi bhráid na Cúirte Breithiúnais a chuirfeadh ar a cumas locht a fháil ar mheastóireacht an reachtais go raibh gá leis an riail atá i gceist chun críocha coisctheacha i gcás lúthchleasaithe gairmiúla.

155. Tá mé den tuairim, dá bhrí sin, go bhfuil an beart lena gceanglaítear go ndéanfar sáruithe frithdhópála ag lúthchleasaithe gairmiúla a nochtadh don phobal i gcoitinne leordhóthanach agus riachtanach chun lúthchleasaithe reatha agus lúthchleasaithe a bheidh ann amach anseo a dhíspreagadh ó thabhairt faoi sháruithe den sórt sin.

156. Ar deireadh, níl an cur isteach ar chearta lúthchleasaithe gairmiúla chomh suntasach sin nach bhféadfaí údar cuí a thabhairt leis de bharr aidhm choisctheach an bhirt atá i gceist. Is é ainm an lúthchleasaí, an spórt ina bhfuil sé nó sí rannpháirteach, an sárú ar na rialacha frithdhópála a rinneadh agus fad na fionraí spóirt a bhí mar thoradh air sin an méid a fhoilsítear. Ní nochtann an fhaisnéis sin aon rud thar shaol gairmiúil an lúthchleasaí atá i gceist, agus ní luaitear ann ach torthaí an iompair neamhdhlíthiúil a bhí ar eolas ag an lúthchleasaí cheana féin nuair a chinn sé nó sí tabhairt faoin sárú atá i gceist.

(b) An dara údar: dul timpeall ar fhionraí spóirt a chosc

157. Is é an t-údar eile a moladh le linn na n-imeachtaí reatha an gá atá ann go gcuirfear na páirtithe leasmhara lena mbaineann ar an eolas nach féidir leis an lúthchleasaí i dtrácht páirt a ghlacadh in aon chineál rannpháirtíochta a bhaineann le haon spórt fad a bheidh an fhionraí bailí. Ar an gcaoi sin, bíonn éifeacht ag an bpíonós agus cuirtear cosc a chur ar dhul timpeall air.

158. Is cinnte gur leor foilsiú a bhfuil rochtain ag an bpobal air chun daoine a chur ar an eolas ar daoine iad ar mian leo urraíocht a dhéanamh ar lúthchleasaí, cuireadh a thabhairt don lúthchleasaí dul san iomaíocht i gcomórtas eagraithe, nó an lúthchleasaí a fhostú in aon cháil a bhaineann leis

[109] Ní féidir teacht ar chonclúidí go huathoibríoch ó chomhthéacs éagsúil, amhail, mar shampla, an méid a bhí i gceist i mbreithiúnas an 22 Meitheamh 2021, *Latvijas Republikas Saeima (Pointí pionóis)* (C-439/19, EU:C:2021:504) maidir leis an gceist an bhfuil foilsiú faisnéise faoi chiontóirí céaduaire díréireach (id., mír 115). Sa chás sin, measadh go raibh foilsiú pointí pionóis a forchuireadh mar gheall ar chionta tráchta bóthair neamhriachtanach i gcás ciontóirí céaduaire. Mar sin féin, ba é an bonn cirt a bhí leis an gcinneadh a rinne an Chúirt Bhreithiúnais ná feabhas a chur ar shábháilteacht ar bhóithre (id., mír 107). Go deimhin, d'fhéadfadh sé nach gcuirfeadh ciontóirí tráchta bóthair céaduaire an trácht i mbaol. Mar sin féin, d'fhéadfaí a mheas go bhfuil gá le faisnéis a fhoilsiú faoi chiontóirí na rialacha frithdhópála céaduaire chun lúthchleasaithe óga a dhíspreagadh ó iarracht a dhéanamh fiú úsáid a bhaint as substaintí toirmiscthe.

an spórt. Ar an gcúis sin, ní mór do na páirtithe leasmhara sin a bheith ar an eolas faoi fhionraí spóirt an lúthchleasaí. Dá bhrí sin, tá an beart a fhoráiltear le ADBG leordhóthanach chun na críche sonraithe.

159. Anseo freisin, is é an cheist is deacra ná an bhfuil beart den sórt sin riachtanach?

160. Ní féidir argóintí ar bith a bhaineann le hanaithnidiú a chur i gcomhthéacs na haidhme poiblí seo. Ar mhaithe le daoine leasmhara spriocdhírithe a chur ar an eolas, is gá ainm an lúthchleasaí atá ar fionraí a lua.

161. Agus tuairim Mheitheal Airteagal 29 á agairt aici, measann an t-iarratasóir, áfach, nach gá, chun na críche fógartha, an pobal i gcoitinne a chur ar an eolas. Ba leor eagraíochtaí spóirt agus daoine a d'fheadfaí urraíocht a thabhairt nó urraitheoirí reatha a chur ar an eolas. Mar fhreagra, measann WADA agus NADA nach féidir fios a bheith ann roimh ré cé leo ar cheart a chur ar an eolas. Ina theannta sin, d'fhéadfadh duine leasmhara nua a bheith mar sprioc ag an bhfaisnéis sin, mar shampla, úinéir ionad aclaíochta nuabhunaithe.

162. Mhol Meitheal Airteagal 29 beart a d'fhéadfadh gan a bheith chomh fadréimseach céanna a d'fhéadfadh cosc a chur ar dhul timpeall ar fhionraí spóirt bunaithe ar "Dhearbhú dea-charachtair" a sheoladh. [110] Tuigim go mbaineann an moladh sin le nós imeachta ina n-iarrfaí lucht eagraíochta comórtais spóirt, fostóirí féideartha agus urraitheoirí ar an lúthchleasaí atá i gceist dearbhú den sórt sin a chur ar fáil sula dtugtar cuireadh dóibh páirt a ghlacadh i gcomórtais, sula dtairgfí fostaíocht do dhuine éigin sa spórt, nó sula ndéanfaí cinneadh maidir le hurraíocht a dhéanamh ar lúthchleasaí. D'fhonn a fheidhm a chomhlíonadh, chaithfí an dearbhú sin a sholáthar ar leibhéal domhanda, idirnáisiúnta agus, dá bhrí sin, bheadh ceisteanna éagsúla próiseála sonraí i gceist leis, amhail aistriú na sonraí sin chuig eagraíocht idirnáisiúnta. In aon chás, níl a leithéid de chóras ann faoi láthair. Mar theachtaireacht chuig WADA chun machnamh a dhéanamh ar chóras den sórt sin a sheoladh, d'fhéadfadh sé go mbeadh meáchan éigin ag moladh Meitheal Airteagal 29. Mar sin féin, chomh fada agus nach seoltar an córas sin, ní féidir le reachtas na hOstaire é a úsáid mar bheart nach bhfuil chomh sriantach céanna chun daoine leasmhara a chur ar an eolas.

163. Ós rud é nach bhfuil faisnéis spriocdhírithe éifeachtúil, toisc go bhféadfadh sé nach mbeadh a fhios ag duine cé a d'fhéadfadh an fhaisnéis sin a bheith ag teastáil, agus nach ann do chóras leordhóthanach dearbhaithe dea-charachtair faoi láthair, táim den tuairim go bhfuil an beart atá i gceist iomchuí agus riachtanach chun an sprioc a bhaint amach, is é sin cosc a chur ar dhul timpeall ar an bhfionraí spóirt.

164. Is féidir argóint eile a chur leis an méid sin thuas, argóint a luadh NADA ag an éisteacht, gurb ionann lúthchleasaí ar fionraí a fhostú ann féin agus sárú ar na rialacha frithdhópála. [111] Dá bhrí sin, is cosúil go bhfuil gá le heolas ar an staid maidir le lúthchleasaithe atá ar fionraí chun sáruithe indíreacha a d'fhéadfadh a bheith ann ar na rialacha frithdhópála a sheachaint.

[110] Tuairim 4/2009 Meitheal Airteagal 29, lch. 17, pointe 3.6.1.

[111] Luaitear i § 1(2)(10) ADBG go meastar gur sárú ar leithligh é maidir le "duine eile" cuidiú nó iarracht a dhéanamh cuidiú le lúthchleasaí ar fionraí dul timpeall ar thréimhse fionraí an lúthchleasaí sin.

165. Ar deireadh, déantar uasdhátú tréimhsiúil ar an tábla ina bhfuil na hainmneacha, na gníomhartha a sháraíonn na rialacha frithdhópála agus fionraí spóirt lúthchleasaithe a fhoilsítear ar shuíomh gréasáin NADA. Baintear an fhaisnéis ar dhul in éag don fhionraí spóirt lena mbaineann. Ciallaíonn sé sin nach bhfanfaidh sonraí pearsanta an iarratasóra ar an suíomh gréasáin sin níos faide ná mar is gá chun cosc a chur ar dhul timpeall ar a fionraí spóirt.

3. An ndéanann foilsiú ar an Idirlíon difear?

166. Ceanglaítear le ADBG go nochtfar an fhaisnéis a iarrtar don phobal i gcoitinne, ach ní shonraítear ann an modh inar gá é sin a dhéanamh. Ba é cinneadh NADA an t-eolas atá i gceist a chur ar a shuíomh gréasáin.

167. Rinne an t-iarratasóir agóid i gcoinne an chinnidh sin, ós rud é go bhfuil cur isteach iomarcach ag baint le foilsiú ar líne ar an idirlíon agus gurbh ionann foilsiú as líne nó, ar a laghad, córas logála isteach agus córas pasfhocail a thabhairt isteach chun rochtain a fháil ar an bhfaisnéis fhoilsithe agus bearta nach gcuirfeadh isteach chomh leathan céanna ar chearta bunúsacha lúthchleasaithe.

168. Luaigh daoine eile an bharúil go bhfuil cur isteach iomarcach ag baint le foilsiú ar an idirlíon, mar shampla, ag Meitheal Airteagal 29[112] nó ag an mionlach easaontach i mbreithiúnas na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine in *L.B.* v *an Ungáir*.[113]

169. Is féidir liom a bheith an-ghairid agus mé ag tabhairt faoin méid seo. Má fhaightear go bhfuil bonn cirt leis an oibleagáid faisnéis ina bhfuil sonraí pearsanta a chur ar fáil don phobal i gcoitinne, is é an t-aon bhealach chun an oibleagáid sin a chomhlíonadh i sochaí nua-aimseartha ná foilsiú ar an idirlíon. Díreach mar nach n-iarrfar ar dhuine dul ó dhoras go doras agus scéalta nuachta á bhfógairt acu tar éis do Gutenberg an clóphreas a chéadcheapadh, le teacht an idirlín, níl an foilseachán clóbhuailte (amhail, mar shampla, nuachtlitir) ina bhealach leordhóthanach a thuilleadh chun faisnéis a chur ar fáil don phobal i gcoitinne. Is ionann iarraidh go ndéanfar foilsiú as líne agus cead a iarraidh chun dul timpeall ar an oibleagáid an pobal i gcoitinne a chur ar an eolas.

170. Ina Tuairim 4/2009, luadh Meitheal Airteagal 29 go meastar go bhfuil cur isteach níos mó ag baint le foilsiú ar an idirlíon ná foilsiú nach bhfuil ar líne.[114] Ba é a argóint phríomha ná go gciallaíonn an fhoilsiú sin ar an Idirlíon gur féidir le duine ar bith dul i gcomhairle leis na sonraí. Is fíor sin, ach is é sin go díreach an smaoineamh atá taobh thiar den cheanglas go gcuirfí faisnéis ar fáil don phobal i gcoitinne. Bhain an dara hargóint a chuir Meitheal Airteagal 29 chun cinn leis an bhfíric gur féidir faisnéis ar an idirlíon a úsáid chun críocha eile agus gur féidir tuilleadh próiseála a dhéanamh uirthi. Is fíor go bhfuil sé níos éasca an fhaisnéis atá ar an idirlíon cheana féin a athphróiseáil. I ndeireadh na dála, áfach, níl aon difríocht idir an fhéidearthacht go ndéanfaí athrú cuspóra ar fhaisnéis a chuirtear ar an idirlíon nó go bhféadfaí athrú cuspóra a dhéanamh ar fhaisnéis a chuirtear i gcló i nuachtlitir clóbhuailte. Is féidir le hiriseoirí, mar shampla, faisnéis faoi sháruithe frithdhópála a fhoilsítear i nuachtlitir a úsáid a oiread ceannann céanna agus is féidir an fhaisnéis sin a chur ar thairseach nuachta ar líne.

112 Tuairim 4/2009 Meitheal Airteagal 29, lch. 17, pointe 3.6.2.

113 ECtHR, 9 Márta 2023, (CE:ECHR:2023:0309JUD003634516).

114 Tuairim 4/2009 Meitheal Airteagal 29, lch. 17, pointe 3.6.2.

4. Conclúid idirlinne

171. Táim den tuairim, dá bhrí sin, go bhfuil foilsiú éigeantach an tsáraithe ar na rialacha frithdhópála is infheidhme ag lúthchleasaí gairmiúil ar shuíomh gréasáin údaráis frithdhópála a bhfuil rochtain ag an bpobal air leordhóthanach agus riachtanach araon chun an fheidhm choisctheach a bhaint amach maidir le lúthchleasaithe atá gníomhach faoi láthair agus lúthchleasaithe a bheidh ann amach anseo a dhíspreagadh ó thabhairt faoi shárú comhchosúil ar na rialacha sin agus chun cosc a chur ar dhul timpeall ar fhionraí spóirt ag lúthchleasaithe.

172. Ar bhonn a bhfuil thuas, molaim go dtabharfaidh an Chúirt Bhreithiúnais freagra ar an dara agus ar an tríú ceist nach gcuirtear bac le hAirteagal 5(1)(c) agus Airteagal 6(3) RGCS ar údarás náisiúnta atá freagrach as clár náisiúnta um rialú dópála a chur chun cinn, a chomhordú agus faireachán a dhéanamh air sonraí pearsanta lúthchleasaí ghairmiúil a nochtadh i ndáil le sárú ar riail frithdhópála ar bhealach a bhfuil rochtain ag an bpobal air.

V. Conclúid

173. I bhfianaise a bhfuil thuas, molaim don Chúirt Bhreithiúnais an cheist a chuir an Unabhängige Schiedskommission (an Coimisiún Neamhspleách um Eadráin, an Ostair) a fhreagairt mar a leanas:

(1) Maidir leis an bhfaisnéis go bhfuil sárú déanta ag lúthchleasaí gairmiúil ar riail frithdhópála a bhaineann le substaint toirmiscthe nó modh toirmiscthe a úsáid nó féachaint lena húsáid nó a shealbhú, ní hionann an fhaisnéis sin ann féin agus "sonraí a bhaineann leis an tsláinte", de réir bhrí Airteagal 9 de Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí).

(2) Maidir le hAirteagal 5(1)(c) agus Airteagal 6(3) de Rialachán 2016/679,

ní mór léiriú a dhéanamh sa chaoi is nach gcuirtear cosc leo ar an gcleachtas, ag údarás náisiúnta atá freagrach as clár náisiúnta um rialú dópála a chur chun cinn, a chomhordú agus faireachán a dhéanamh air, sonraí pearsanta lúthchleasaí ghairmiúil i ndáil le sárú ar riail frithdhópála a nochtadh ar a shuíomh gréasáin, ar bhealach a bhfuil rochtain ag an bpobal air.

(3) Maidir le hAirteagal 10 de Rialachán 2016/679,

ní mór léiriú a dhéanamh sa chaoi go mbaineann sé le próiseáil sonraí pearsanta a bhaineann le seilbh agus le páirtúsáid substaintí atá liostaithe ar Liosta Toirmiscthe na Gníomhaireachta Domhanda Frithdhópála ag lúthchleasaí gairmiúil i ndáil le gníomhaíocht spóirt.

(4) Má chuirtear de chúram ar chomhlacht athbhreithniú a dhéanamh ar chinneadh lena gcinntear gur sáraíodh riail frithdhópála, ní hionann sin go huathoibríoch agus gur "údarás oifigiúil" an comhlacht sin de réir bhrí Airteagal 10 de Rialachán 2016/679.

Mar sin féin, is é sin an cás fad is go n-áirithítear rialú ar shlí eile ag comhlacht atá ainmnithe mar chomhlacht den sórt sin faoin dlí náisiúnta.